

An tÚdarás Rialála Comhlachtaí
Tithíochta Ceadaithe

Approved Housing Bodies
Regulatory Authority



Tuarascáil Bhliantúil 2023

Clár Ábhair

| | |
|---|----|
| 1. Réamhrá ón gCathaoirleach agus ón POF | 2 |
| 2. An tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (ÚRCTC) | 4 |
| 3. Earnáil CTC | 7 |
| 4. Príomh-bhuaiçphointí 2023 | 8 |
| 5. Cuspóirí Straitéiseacha ÚRCTC | 9 |
| • Creat clárúcháin iontaofa agus éifeachtach | 12 |
| • Caighdeáin Chomhréireacha agus creat um chomhlíonadh | 14 |
| • Rialachán riosca-bhunaithe trédhearcach agus comhsheasmhach | 16 |
| • Cumarsáid chomhsheasmhach éifeachtach lenár bpáirtithe leasmhara | 21 |
| • Eagraíocht lúfar, sholúbtha agus chuntasach | 26 |
| 6. Rialú ar ÚRCTC | 28 |
| • Foireann Fheidhmiúcháin | 29 |
| • Bord agus Fochoistí | 30 |
| • Bord ÚRCTC | 30 |
| • Fochoistí | 34 |
| • Bainistiú Riosca | 34 |
| • Tuarascáil ar astaíochtaí carbóin | 35 |
| Aguisín A – Ráitis Airgeadais 2023 | 36 |

An tÚdarás Rialála Comhlachtaí
Tithíochta Ceadaithe

Approved Housing Bodies
Regulatory Authority



Brollach ón gCathaoirleach & POF





Réamhrá ón gCathaoirleach agus ón POF

Tá áthas orainn an dara Tuarascáil Bhliantúil ón Údarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (“ÚRRTC”) a thabhairt isteach. Leagtar amach sa tuarascáil seo an dul chun cinn suntasach atá déanta ag an eagraíocht in 2023.

Céim mhór chun tosaigh i rialáil na hearnála ba ea bunú ÚRRTC mar rialtóir reachtúil i mí Feabhra 2021. Ba é an fócas sa chéad dá bhliain d’oibríocht ÚRRTC ná struchtúir, beartais agus nósanna imeachta eagraíochtúla láidre a fhorbairt agus creat rialachais iomchuí a chur i bhfeidhm. Tar éis dúinn na bunsraitheanna seo a chur i bhfeidhm, táimid bródúil as dul chun cinn suntasach inár ngníomhaíochtaí rialála a thuirisciú.

In 2023, sheol ÚRRTC a Chlár Measúnaithe reachtúil, chuir sé an dara bliain dá Chlár Monatóireachta Bliantúil chun cinn, agus d’úsáid sé a chumhachtaí den chéad uair chun tús a chur le himscrúdú reachtúil ar ghnóthaí CTC.

Neartaigh ÚRRTC a neamhspleáchas corparáideach trí athlonnú go hoifig nua i rith na bliana, tar éis deireadh a chur le seirbhísí a soláthraíodh roimhe sin faoi chomhaontú leibhéal seirbhíse ag an nGníomhaireacht Tithíochta. Reáchtáil an eagraíocht feachtas suntasach earcaíochta in 2023 agus leanadh den leathnú i margadh fostaíochta atá dúshlánach.

Is í fis ÚRRTC earnáil ina léiríonn CTCanna dea-chleachtas i réimsí an rialachais, an airgeadais, na maoinne agus na bainistíochta tionóntachta. Tá cosaint sócmhainní tithíochta sóisialta agus na tionóntaí a áitíonn siad lárnach dár ról mar rialtóir. Leagtar béim sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar dhul chun cinn ÚRRTC i gcoinne a chúig chuspóir straitéiseacha.

Tá léargais luachmhara curtha ar fáil i gCreat Rialála ÚRRTC ar an earnáil CTC, ar a dúshláin agus ar a rioscaí, lena n-áirítear Clár Monatóireachta Bliantúil, meastóireacht ar imeachtaí agus ábhair inní infhógartha, chomh maith le Clár Measúnaithe CTC. Tá an earnáil CTC casta agus éagsúil; léirítear an chastacht sin sna cineálacha éagsúla méideanna, oibríochtaí, ioncain, earcú foirne, maoinithe, próifílí fiachais agus uaimhianta fáis na CTCanna. Leanfaidh ÚRRTC d’úsáid a bhaint as an bhfaisnéis a bhailíonn sé ar an earnáil chun bonn eolais a chur faoina chur chuige rialála riosca-bhunaithe agus chun Creat Rialála ÚRRTC a fheabhsú agus a leabú.

Thuiriscigh Clár Monatóireachta Bliantúil 2023 ráta freagartha 94% a léirigh rannpháirtíocht shuntasach ón earnáil CTC agus a léirigh freisin tiomantas leanúnach do Chaighdeán ÚRRTC do CTCanna. Chuir faisnéis a chuir CTCanna ar fáil mar chuid den phróiseas seo bonn eolais faoi Anailís Earnála 2023 ÚRRTC (a foilsíodh i mí Aibreáin 2024). Thug an Anailís Earnála le fios go raibh an earnáil CTC ina húnéir nó ina bainisteoir de níos mó ná 61,000 teaghais in 2023, le sruth ioncain de €1.9 billiún sa bhliain, sócmhainní iomlána de thart ar €8.3 billiún agus dlíeanais iomlána de €7 mbilliún.

Chuaigh ÚRRTC isteach ina chéad mheabhrán tuisceana



Is í fis ÚRRTC ná earnáil ina léiríonn CTCanna dea-chleachtas i réimsí an rialachais, an airgeadais, na maoinne agus na bainistíochta tionóntachta.



(MOU) leis an Rialtóir Carthanas in 2023. Éascóidh sé sin malartú faisnéise agus comhordú iarrachtaí ar fud an dá eagraíocht.

I rith 2023, lean ÚRRTC de bheith ag plé le hoifigigh sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (“DHLGH”) maidir lena thograí chun Acht na dTithe (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe) 2019 (“an tAcht”) a leasú. Tá gá le hathruithe reachtaíochta chun bonn a chur faoi athruithe sna próisis chlárúcháin agus chealaithe, agus an dá cheann ag feidhmiú faoi láthair laistigh de thimpeallacht srianta.

Leanfar le clár rialála ÚRRTC in 2024 agus oibreoidh an fhoireann go dlúth le CTCanna agus le páirtithe leasmhara thar raon réimsí. Tá ÚRRTC ag tnúth leis an gcéad chéim eile seo ina ról rialála agus tá sé fós tiomanta dá ngníomhaíochtaí a fhorbairt agus a leathnú agus iad ag obair i gcomhar lena phríomhpháirtithe leasmhara go léir chun rialáil éifeachtach riosca-bhunaithe a sheachadadh.

Ba mhaith le ÚRRTC buíochas a ghabháil lena Bhord agus lena fhoireann tiomanta, leis an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, le hoifigigh DHLGH, le CTCanna, agus lena pháirtithe leasmhara go léir as a dtacaíocht agus a rannpháirtíocht leanúnach.



Eddie Lewis
Cathaoirleach



Leona McMahon
POF Eatramhach

An tÚdarás Rialála Comhlachtaí
Tithíochta Ceadaithe

Approved Housing Bodies
Regulatory Authority



An tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (ÚRCTC)





An tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (ÚRCTC)

Tá sé de chúram ar ÚRCTC creat rialála a bhunú agus a chur i bhfeidhm don earnáil CTC. Áirítear leis seo clárú CTCanna, Caighdeáin do CTCanna a shocrú, monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gCaighdeán agus an Achta, agus de réir mar is gá úsáid a bhaint as cumhachtaí forfheidhmithe, de réir an Achta.

Is iad seo a leanas feidhmeanna ÚRCTC faoi Acht na dTithe (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe) 2019:

- a) Clár CTCanna a bhunú agus a choinneáil cothrom le dáta
- b) Daoine a chlárú mar CTCanna
- c) Dréachtchaighdeáin a ullmhú lena gceadú ag an Aire faoi alt 37 agus an Caighdeán ceadaithe a fhoilsiú.
- d) Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an Achta seo ag CTCanna, go háirithe ar na Caighdeáin ceadaithe
- e) Imscrúduithe a dhéanamh faoin Acht
- f) Tionóntaí agus CTCanna a chosaint agus clárú CTCanna a chur ar ceal, faoi Chuid 6 den Acht
- g) Eolas agus comhairle a thabhairt, i gcibé foirm agus i gcibé slí is cuí leis an Rialtóir chun rialachas, riarachán agus bainistiú níos fearr a spreagadh agus a éascú i measc CTCanna, rialachas corparáideach agus bainistiú airgeadais ina measc
- h) Feasacht agus tuiscint ar an Acht a chur chun cinn, d'fhonn cibé eolas a chur ar fáil a mheasann an Rialtóir a bheith oiriúnach lena tabhairt don phobal i ndáil le feidhmiú an Achta seo, i gcibé foirm agus i gcibé slí is cuí leis an Rialtóir
- i) Cibé faisnéis a bhailiú maidir le CTCanna a mheasann an rialálaí a bheith riachtanach agus iomchuí chun críocha feidhmiú feidhmeanna an Rialtóir
- j) Faisnéis dá leithéid a fhoilsiú (lena n-áirítear faisnéis staitisticíil) a bhaineann le CTCanna, de réir mar is cuí leis an Rialtóir.





Fís, Misean, agus Luachanna



Ár bhFís

Is é ár bhfís earnáil a bheith ann ina léirítear CTCanna dea-chleachtas sna réimsí rialachais, airgeadais, maoinne agus bainistíochta tionóntachta agus a sholáthraíonn tithe ardchaighdeáin dá dtionóntaí.



Ár Misean

Is é ár misean an tithíocht a sholáthraíonn agus a bhainistíonn CTCanna a chosaint, trí rialáil éifeachtach.



Luachanna ÚRCTC



Rachaimid i mbun gnó le hionracas, ar mhaithe lena chinntiú go gcloímid go seasta lenár prionsabail.



Rachaimid i mbun maoirseacht rialála ar bhealach neamhspleách cuí cothrom



Beimid cuntasach agus trédhearcach le linn cinntí a dhéanamh.



Oibreimid le páirtithe leasmhara ar bhealach comhoibríoch.



Beimid ar ár ndícheall ag iarraidh nuálaíocht a bhaint amach le linn dúinn rialacháin a chur i bhfeidhm.



Earnáil CTC

Is eagraíochtaí neamhspleácha neamhbhrabúis iad CTCanna, agus áirítear lena gcuspóirí soláthar agus bainistiú tithíochta do theaghlaigh a bhfuil tithíocht de dhíth orthu. Áirítear leis sin tithíocht riachtanas ginearálta, cóiríocht do shainghrúpaí amhail daoine scothaosta nó daoine gan dídean, agus tithíocht le tacaíochtaí comhtháite dóibh siúd a bhfuil sainriachtanais sláinte nó míchumais acu.

Ar an 1 Eanáir 2023, measadh go raibh 450 CTC cláraithe le ÚRCTC. Amhail an 31 Nollaig 2023, bhí 445 CTC fós cláraithe agus cealaíodh cúig CTC ón gClár faoi Alt 59 den Acht. Ligeann an fhoráil seo do ÚRCTC CTCanna a bhaint den Chlár sa chás go bhfuil deireadh tagtha leo. Ní bhfuair ÚRCTC aon iarratas ar chlárú mar CTC in 2023.

Tá Clár CTCanna ÚRCTC ar fáil le féachaint ar shuíomh gréasáin ÚRCTC.

Tá raon suntasach ó thaobh méide, scála, maoinithe agus samhlacha seachadta ag CTCanna. Mar chuid d'earnáil tá CTCanna móra agus meánmhéide a bhfuil stoc suntasach tithíochta ina seilbh agus á mbainistiú acu, eagraíochtaí cúraim agus tacaíochta, nach bhfuil a n-aird go príomha ar thithíocht a sholáthar, taobh le líon mór CTCanna beaga

agus micrea-CTCanna nach bhfuil ach líon beag tithe cónaithe á mbainistiú acu. Is sa chomhthéacs sin a leanann ÚRCTC de bheith a Chreat Rialála trédhearcach agus riosca-bhunaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Tá méadú suntasach tagtha ar sholáthar na tithíochta ag CTCanna le blianta beaga anuas, agus léiríonn tuarascáil Anailíse Earnála ÚRCTC uailmhianta suntasacha le haghaidh fáis sna trí bliana amach romhainn.

Tá sé curtha de chúram ar ÚRCTC creat rialála a sholáthar a chuirfidh ar chumas na hearnála CTC tithíocht a bhainistiú agus a sheachadadh ar bhealach inbhuanaithe, agus a thabharfaidh dearbhuithe do thionóntaí, do bhoird, d'infheisteoirí agus don Rialtas.

Is eagraíochtaí neamhspleácha neamhbhrabúis iad CTCanna (ar a dtugtar comhlachais tithíochta agus comhlachais tithíochta dheonacha freisin) a bhfuil sé de chúram orthu, i measc rudaí eile, tithíocht a sholáthar agus a bhainistiú do theaghlaigh a bhfuil tithíocht de dhíth orthu.



Príomh-bhuaicphointí 2023

445 CTC cláraithe le ÚRCTC amhail an 31 Nollaig 2023



Foilsíú doiciméad faisnéise do CTCanna



Leibhéal mhéadaithe rannpháirtíochta leis an bpróiseas imeachtaí infhógartha



Ráta aighneachta 94% do Chlár Monatóireachta Bliantúil 2023



Feasacht phoiblí mhéadaithe ar an bpolasaí agus ar an bpróiseas imní



Clár Measúnaithe Píolótach curtha i gcrích



Beartas Measúnaithe foilsithe



Tús curtha le Clár Measúnaithe Reachtúil



Ailíniú rialála méadaithe trí shíniú an chéad MT



11,700 cuairteoir chuig suíomh gréasáin ÚRCTC



An tÚdarás Rialála Comhlachtaí
Tithíochta Ceadaithe

Approved Housing Bodies
Regulatory Authority



Cuspóirí Straitéiseacha ÚRCTC





Straitéis ÚRCTC 2021 – 2024

Sheol an tAire Darragh O'Brien Ráiteas Straitéise ÚRCTC 2021-2024 i mí Dheireadh Fómhair 2021.

Déanann Ráiteas Straitéise ÚRCTC a chuspóir a ailíniú leis na feidhmeanna agus na cumhachtaí bronnta ar ÚRCTC ag a reachtaíocht rialaitheach. Tá sé ag iarraidh go mbeadh an earnáil CTC agus an timpeallacht beartais ina mbíonn ÚRCTC ag feidhmiú le sonrú ann. Breithníonn sé cumas agus acmhainn oibriúcháin ÚRCTC, mar aon lena dhaoine agus a acmhainní teicneolaíochta.

Tá gach gníomhaíocht ÚRCTC fréamhaithe go daingean ina fheidhmeanna, cumhachtaí agus cuspóirí straitéiseacha mar a leagtar amach iad sa Ráiteas Straitéise 2021-2024

Agus ÚRCTC ag dul isteach sa bhliain dheireanach dá Ráiteas Straitéise tosaigh, tá tús curtha aige lena Ráiteas Straitéise do 2025-2028 a fhoirmiú agus le bheith ag ullmhú don chéad chéim eile dá fhorbairt.



Déanann Ráiteas Straitéise ÚRCTC a chuspóir a ailíniú leis na feidhmeanna agus na cumhachtaí bronnta ar ÚRCTC ag a reachtaíocht rialaitheach. Tá sé ag iarraidh go mbeadh an earnáil CTC agus an timpeallacht beartais ina mbíonn ÚRCTC ag feidhmiú le sonrú ann.

Na Chúig Chuspóir Straitéiseacha atá againn

1

Creat Clárúcháin CTC atá iontaofa agus éifeachtach



2

Caighdeáin chomhréireacha agus creataí um chomhlíonadh



3

Rialachán riosca-bhunaithe trédhearcach agus comhsheasmhach



4

Cumarsáid chomhsheasmhach agus éifeachtach lenár bpáirtithe leasmhara



5

Eagraíocht lúfar, sholúbtha agus chuntasach





1. Creat Clárúcháin iontaofa agus éifeachtach

Le linn 2023, rinne ÚRCTC Clár na CTCanna a chothabháil agus a nuashonrú. Tá Clár na CTCanna ar fáil go poiblí agus is féidir teacht air ar shuíomh gréasáin ÚRCTC.

Gach eagraíocht a raibh stádas Comhlachta Tithíochta Ceadaithe acu agus a bhí liostaithe ar an gclár atá á choinneáil ag an Roinn Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Oidhreachtá amháil an 1 Eanáir 2022, measadh iad a bheith cláraithe le ÚRCTC i gcomhréir le hAlt 34 den Acht. Measadh go raibh 450 CTC cláraithe ar an 1 Eanáir 2022 (“meastar gur CTCanna iad”).

Clár na gComhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna)



Incháilitheacht

Leagtar amach in Alt 25 den Acht na critéir incháilitheachta le haghaidh CTCanna. Is gné bhunriachtanach den chreat rialála í incháilitheacht. Is réamhriachtanas den iarratas ar chlárú é agus baineann sé le go leor gnéithe den Acht. Sonraíonn na critéir incháilitheachta an cineál eagraíochtaí ar féidir leo a bheith ina CTC cláraithe. Ina theannta sin, tá forálacha éigeantacha leagtha amach san Acht nach mór a áireamh i mbunreachtanna uile CTC.

Tá faisnéis a bhaineann le clárú agus incháilitheacht ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚRCTC.



CTCanna Measta

Tá achar ama sainithe ag CTCanna measta ón 1 Eanáir 2022 ar aghaidh inar féidir leo iarratas a chur isteach ar chlárú. Braitheann an t-achar ama seo ar líon na dtithe cónaithe ar sholáthair nó ar bhainistigh an eagraíochta iad amháil an 1 Eanáir 2022. Leagtar amach thíos na hachair ama maidir le clárú do CTCanna measta.

An t-Achar Ama Chun Clárú do CTCanna Measta

| Líon na dtithe cónaithe ar le CTC iad nó atá á mbainistiú nó faighte ar léas ag CTC | Amlíne ¹ | Spríocdháta Athbhreithnithe |
|---|---------------------|-----------------------------|
| 300 teach cónaithe nó níos mó | 2 bhliain | 31 Nollaig 2023 |
| Idir 50 agus 299 teach cónaithe | 3 bliana | 31 Nollaig 2024 |
| Níos lú ná 50 teach cónaithe | 4 bliana | 31 Nollaig 2025 |

Clárúchán

Tá clár clárúcháin ÚRCTC oscailte i gcomhréir lenár gcuspóir straitéiseach chun creat clárúcháin CTC atá iontaofa agus éifeachtach a áirithiú.

Ceanglaítear ar gach iarratasóir ar chlárú na critéir incháilitheachta do CTCanna atá leagtha amach in Alt 25 den Acht a chomhlíonadh. I gcás iadsan a chomhlíonann na critéir incháilitheachta agus ar mian leo clárú, beidh orthu iarratas ar chlárú a chur isteach chuig ÚRCTC. Aon uair a dheonaítear nó a dhiúltaítear clárú, bunóidh ÚRCTC a gcinneadh ar na critéir incháilitheachta, ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach, agus ar an gcaipéisíocht tacaíochta.

¹ Tar éis do leasú teacht i bhfeidhm ar an 5 Iúil 2022, tugadh síneadh ama d’aon bhliain amháin ar na hachair ama a leagtar amach san Acht



Iarratais ar Chlárú

I gcás eagraíochtaí a chomhlíonann na critéir incháilitheachta agus ar mian leo clárú mar CTC, ní mór dóibh iarratas ar chlárú a chur isteach. Nuair a chuireann eagraíocht spéis in iarratas ar chlárú mar CTC, tugann ÚRRTC treoir faoin bpróiseas clárúcháin, na critéir incháilitheachta, iarratas a chur isteach agus na ceanglais faisnéise. Agus eagraíocht á meas le fáil amach cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann sí na critéir chun bheith ina CTC, déanann ÚRRTC an t-iarratas a mheas agus a mheasúnú de réir cheanglais an Achta. Bíonn an cinneadh géilleadh nó diúltú do chlárú i gcomhréir leis an Acht.

Ní bhfuair ÚRRTC aon iarratas ó CTCanna measta a bhí ag iarraidh a gclárúchán a choinneáil in 2023.

Rinne naoi n-eagraíocht teagmháil le ÚRRTC maidir le hiarratas a dhéanamh ar chlárú mar CTC nua in 2023. Tugadh eolas faoi chlárú, incháilitheacht san áireamh, do gach eagraíocht. Lean ÚRRTC ar aghaidh ag bualadh agus ag déanamh cumarsáide le heagraíochtaí a léiríonn spéis in iarratas ar chlárú a dhéanamh.

Ní bhfuarthas aon iarratas foirmiúil ó eagraíochtaí ar mian leo clárú mar CTC nua.

Saincheisteanna reachtacha bainteach le Clárú

In 2023, tháinig ÚRRTC ar an tuairim go raibh comhlíonadh na gceanglas reachtúil incháilitheachta agus clárúcháin dochraideach do na CTCanna sin ar ceanglaíodh orthu iarratas ar chlárú a dhéanamh faoin 31 Nollaig 2023. Chuir ÚRRTC síneadh leis an spriocdháta clárúcháin ar fáil don ghrúpa CTCanna seo de réir an Achta.

Dúirt an Roinn Tithíochta Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh aici faoi láthair ar ghnéithe incháilitheachta an Achta agus go bhfuil sé ar intinn aici roinnt leasuithe ar an reachtaíocht a thabhairt isteach in 2024. Bheadh ÚRRTC ag súil le méadú ar iarratais ar chlárú nuair a achtófar leasuithe.

In 2023, tháinig ÚRRTC ar an tuairim go raibh comhlíonadh na gceanglas reachtúil incháilitheachta agus clárúcháin dochraideach do na CTCanna sin ar ceanglaíodh orthu iarratas ar chlárú a dhéanamh faoin 31 Nollaig 2023.



2. Caighdeáin Chomhréireacha agus Creat um Chomhlíonadh

Caighdeáin le haghaidh CTCanna


Foilsíodh na Caighdeáin le haghaidh CTCanna i mí Feabhra 2022. Tá ceithre Chaighdeán ann agus baint acu le:

- CTCanna a rialú
- bainistiú airgeadais agus tuairisciú na CTCanna
- Bainistiú maoine agus sócmhainní na CTCanna
- bainistiú tionóntachta na CTCanna

Tá scóip le bheith solúbtha sna caighdeáin bunaithe ar thorthaí sin, agus aithníonn siad an éagsúlacht atá san earnáil CTC. Is bealach iad do CTCanna a gcur chuige i leith toradh áirithe a léiriú agus fianaise a thabhairt ina leith, ar bhealach a aithníonn go bhfuil spriocanna inghnóthaithe difriúla ag CTCanna éagsúla, ag brath ar na nithe is dual dóibh, cé chomh mór is tá siad agus cé chomh casta is atá na gníomhaíochtaí ar siúl acu. Tugann an cur chuige bunaithe ar thorthaí solúbthacht do CTCanna a chinneadh

conas is féidir lena ngníomhartha cloí leis na Caighdeáin ar an mbealach is fearr. Éascaíonn sé sin an éagsúlacht ó thaobh samhlacha agus feidhmeanna gnó de sna CTCanna éagsúla.

Soláthraíonn ÚRRTC treoir freisin maidir le cur i bhfeidhm na gCaighdeán lena n-áirítear sainmhínte soiléire ar théarmaí mar aon le samplaí ar conas na Caighdeáin a chomhlíonadh. Tá sé mar aidhm ag an treoir seo cabhrú le CTCanna na torthaí riachtanacha a thuiscint agus treoir shaincheaptha a sholáthar do chatagóirí éagsúla maidir leis an mbealach is fearr le comhlíonadh a léiriú agus a mhéid, a scála agus a múnlaí oibriúcháin éagsúla á meas. Foilsítear na Caighdeáin agus na treoidhoiciméid ghaolmhara ar shuíomh gréasáin ÚRRTC.





CAIGHDEÁN RIALACHAIS

Leagann sé síos sraith torthaí a bhfuil sé de cheangal ar CTCanna a bhaint amach i dtaca lena n-eagraíochtaí a rialú agus a bhainistiú de. Baineann sé le freagracht agus cuntasacht an bhoird Leagtar amach ann na príomhthorthaí a bhfuil sé de cheangal ar CTCanna iad a bhaint amach maidir le ballraíocht, ról agus freagrachtaí, nósanna imeachta maidir le cinnteoireacht, rialú agus maoirseacht, coimhlintí leasa, cód iompraíochta, rialú éifeachtach, cuntasacht, macántacht, ionracas agus bainistiú riosca.



CAIGHDEÁN UM BAINISTIÚ AIRGEADAIS AGUS TUAIRSCIÚ

Leagann sé síos sraith torthaí a bhfuil sé de cheangal ar CTCanna a bhaint amach i dtaca lena n-eagraíochtaí a rialú agus a bhainistiú de. Leagann sé amach na príomhthorthaí a gceanglaítear ar CTCanna a bhaint amach i dtaca le bainistiú acmhainní agus rioscaí de fad is atá a n-aird ar inmharthanacht airgeadais a bhuanú ag an am céanna. Leagann sé amach na ceanglais maidir le rialú airgeadais agus riosca, inmharthanacht airgeadais, bainistiú airgeadais, tuairisciú airgeadais, rialachas, planáil straitéiseach, monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus bainistiú riosca.



CAIGHDEÁN UM BAINISTIÚ MAOINE AGUS SÓCMHAINNÍ

Cuireann sé sraith torthaí ar bun a bhfuil sé de cheangal ar CTCanna iad a bhaint amach le linn dóibh titíocht a bhainistiú agus a chur i gcrích, ar mhaithe lena chinntiú go gcuirtear titíocht atá sábháilte, oiriúnach agus inbhuanaithe ar fáil do thionóntaí agus do lucht úsáidte seirbhísí. Baineann sé leis an gcaoi ina mbainistíonn CTCanna a gcuid sócmhainní titíochta go héifeachtúil agus go héifeachtach. Tugann sé breac-chuntas ar na príomhthorthaí a bhfuil sé de cheangal ar na CTCanna iad a bhaint amach chomh fada agus a bhaineann sé le tithe cónaithe, oibleagáidí reachtúla, dlíthiúla agus comhlíontachta, cláir bhainistíochta sócmhainní a bhainistiú agus conas a dhéanann siad stoc titíochta an CTC a bhainistiú go héifeachtach.



CAIGHDEÁN UM BAINISTIÚ TIONÓNTACHTAÍ

Leagann sé sraith torthaí síos a bhfuil sé de cheangal ar na CTCanna iad a bhaint amach le linn dóibh tionóntachtaí a bhainistiú agus a bheith i mbun plé le tionóntaí. Baineann sé le deimhin a dhéanamh de go bhfuil beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm maidir le seirbhísí do thionóntaí a sholáthar. Tugann sé breac-chuntas ar na príomhthorthaí a bhfuil sé de cheangal ar CTCanna iad a bhaint amach maidir lena n-oibleagáidí reachtúla, dlíthiúla agus comhlíontachta, leithdháilí, ainmniúcháin, cumarsáid le tionóntaí agus sásamh tionóntaí.




3. Rialachán riosca-bhunaithe trédhearcach agus comhsheasmhach

Creat Rialála

Leagtar amach i gCreat Rialála ÚRCTC a chur chuige riosca-bhunaithe maidir le rialáil CTCanna. Ionchorpraíonn sé misean, fíis, luachanna agus cuspóirí straitéiseacha ÚRCTC. Tá cur i bhfeidhm ÚRCTC ar rialáil riosca-bhunaithe deartha lena áirithiú go bhfuil a chur chuige rialála oiriúnach, tomhaiste agus comhréireach.

Mar chuid de Chreat Rialála ÚRCTC, tá clárú CTCanna, mar aon leis na Caighdeáin do CTCanna, maoirseacht rialála, measúnú ar chomhlíonadh, oideachas agus treoir, an tAcht a chur chun cinn agus feasacht air, agus faisnéis a bhailiú agus a fhoilsiú, de réir mar is cúí.

Tugann na léaráidí thíos léiriú ar na gnéithe éagsúla de Chreat Rialála ÚRCTC.



Rialáil Éifeachtach – Freagra Comhréireach – Oideachas agus Treoir



Maoirseacht Rialála

Tá an fhoireann um Maoirseacht Rialála freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar riosca, agus ar chomhlíonadh CTCanna na gCaighdeán do CTCanna agus an Achta. Cuimsíonn sé seo an Clár Monatóireachta Bliantúil, imeachtaí infhógartha, ábhair inní, agus caidrimh le comhlachtaí reachtúla agus rialála eile.

Déanann an fhoireann um Maoirseacht Rialála anailís ar an bhfaisnéis a fhaightear agus úsáidtear chun rioscaí agus treochoirí laistigh den earnáil a aithint, eolas a chur ar fáil don chlár Measúnaithe agus do chlár oideachais agus threorach ÚRCTC.

Monatóireacht ar CTCanna

Chuir ÚRCTC tús lena dhara Clár Monatóireachta Bliantúil i mí Mheán Fómhair 2023. Iarradh ar 440 CTC cláraithe san iomlán raon faisnéise agus sonraí feidhmíochta a sholáthar ar ghníomhaíochtaí a n-eagraíochta.

Áiríodh leis an bhfaisnéis a iarradh ceisteanna ar na réimsí seo a leanas: bainistiú tionóntachta, bainistiú maoine agus sócmhainní, bainistiú agus tuairisciú airgeadais, agus rialachas.


Ní measúnú in aghaidh na gCaighdeán é an Clár Monatóireachta Bliantúil. Is é an ról atá aige ná faisnéis thábhachtach a sholáthar a bhaineann leis an earnáil CTC, ag cur ar chumas ÚRCTC treochoirí riosca a aithint agus bonn eolais a chur faoina chlár rialála.

Chuir 414 CTC a gcuid faisnéise monatóireachta bliantúil isteach, arb ionann é agus ráta freagartha **94%**.

Imeachtaí Infhógartha

Ceanglaíonn Alt 55 den Acht ar CTC fógra i scríbhinn a thabhairt do ÚRCTC maidir le haon ábhar a bhféadfaí a bheith ag súil le réasún a chuirfeadh cobhsaíocht, éifeachtúlacht, oibríochtaí nó inmhathanacht ghinearálta CTC i mbaol. Teastaíonn fógra i scríbhinn freisin maidir le haon ábhar a d'fhéadfaid droch-cháil a tharraingt ar CTC nó cur isteach ar a stádas mar CTC. Tugtar imeachtaí infhógartha orthu siúd.

Déanann ÚRCTC athbhreithniú agus measúnú go gníomhach ar fhaisnéis a fhaightear trí bhithin imeachtaí infhógartha. Tá cur chuige riosca-bhunaithe agus comhréireach ag teastáil chun an t-imeacht a mheas agus chun freagairt rialála



iomchuí a chinneadh do na himthosca sonracha. I mórán cásanna, d'fhéadfaid ÚRCTC a bheith sásta go bhfuil straitéis nó plan gníomhaithe cuí curtha i bhfeidhm ag an CTC, agus nach mbeidh gá le haon soiléiriú eile. I gcásanna eile, féadfaid sé tuilleadh faisnéise nó dearbhuithe a lorg nó gníomh rialaitheach eile a dhéanamh, má mheasann ÚRCTC gurb iomchuí é.

Fuair ÚRCTC **125** imeacht infhógartha san iomlán in 2023 thar iliomad réimsí.

Bhain an dá chineál imeachtaí infhógartha ba mhíne a fuarthas le haistriú sócmhainní tithíochta go CTCanna eile, agus rún CTFanna iarratas a dhéanamh chuig ÚRCTC chun a stádas CTC a chur ar ceal. Bhain an dara ceann le heagraíochtaí a thug fógra do ÚRCTC faoi athruithe rialachais nó príomhphearsanna.

I dtromlach na n-imeachtaí infhógartha, níor ghá aon ghníomhaíocht bhreise agus thug CTCanna cinnteacht go ndearnadh measúnú oiriúnach ar an imeacht agus go raibh plan gníomhaíochta cuí curtha i bhfeidhm chun é a bhainistiú.

Bhí na himeachtaí infhógartha eile faoi réir monatóireachta breise. Bíonn imeachtaí infhógartha faoi mhonatóireacht fós sa chás nach bhfuil imeacht nó gníomh atá bainteach leis tugtha chun críche go fóill. B'fhéidir go dtógfadh sé tamall fada le himeachtaí áirithe infhógartha a thabhairt chun críche, mar shampla aistriú sócmhainní. Sna cásanna sin, leanann ÚRCTC de mhonatóireacht a dhéanamh ar an imeacht agus lorgaíonn sé nuashonruithe rialta ar dhul chun cinn ón CTC go dtí go gcríochnófar an t-aistriú.

I líon beag cásanna, bhí imeachtaí infhógartha faoi réir gnímh rialála eile.


Uirlis luachmhar is ea próiseas na n-imeachtaí infhógartha agus is cuid lárnach é de mhaoirseacht rialála iomlán ÚRCTC. Cuidíonn sé le heolas a thabhairt do chlár Measúnuithe ÚRCTC, agus do ghníomhaíochtaí rialála eile.

Foilsítear achoimre ar imeachtaí infhógartha a fuarthas ar shuíomh gréasáin ÚRCTC ar bhonn ráithiúil.



Tá achoimre iomlán ar imeachtaí infhógartha a fuarthas in 2023 le fáil sa tábla seo a leanas:

Cineálacha Imeachtaí Infhógartha 2023





Imscrúdú

I mí Mheán Fómhair 2023, cheap ÚRCTC cigirí de bhun Alt 46 den Acht, chun a chéad imscrúdú reachtúil a dhéanamh. Chinn ÚRCTC go raibh gá le himscrúdú reachtúil tar éis dóibh ábhair imní a shainaithe maidir le CTC. Cuireadh ÚRCTC ar an eolas faoi shaincheisteanna airgeadais agus rialachais den chéad uair tríd an bpróiseas imeachtaí infhógartha i mí Iúil 2023.

Údair Imní



Tá an próiseas imní ina chuid de mhaoirseacht rialála iomlán ÚRCTC agus is cuid lárnach dá chlár monatóireachta é, úsáidtear é chun eolas a thabhairt do chlár measúnaithe ÚRCTC, agus do ghníomhaíochtaí rialála eile. Is ábhair imní iad ábhair a thagann chun aird ÚRCTC agus a d'fhéadfadh a bheith ina chomhartha de laigí nó d'fhadhbanna bainteach le rialachas, bainistiú airgeadais, bainistiú maoiné nó bainistiú tionóntaí CTC, nó de neamhchomhlíonadh féideartha eile an Achta. Tá cead ag duine ar bith údar imní a tharraingt anuas le ÚRCTC faoi CTC, lena n-áirítear comhaltaí boird CTC, fostaithe nó oibríthe deonacha, daoine den phobal, tionóntaí, tríú páirtithe, ionadaithe poiblí, comhlachtaí maoinithe nó údarais eile.

Nuair a ardaítear imní le ÚRCTC, díreann go príomha ar neamhchomhlíonadh féideartha an Achta (lena n-áirítear na Caighdeáin do CTCanna). Cuirtear gach ábhar a tharraingítear anuas faoi phróiseas scagtha le fáil amach an dtagann sé faoi raon feidhme ÚRCTC. I gcásanna ina ndéileáilann comhlacht eile, an CTC féin nó rialtóir eile leis na hábhair ar bhealach níos oiriúnaí, cuirfidh ÚRCTC an t-ábhar imní faoi bhráid an chomhlachta chuí.

Sa chás go dtagann na hábhair faoi raon feidhme rialála ÚRCTC, déanann sé measúnú agus anailís riosca chun teacht ar an bhfreagra rialála cuí. Nuair is gá, Féadfaidh ÚRCTC tuilleadh faisnéise a lorg ón té a tharraing an t-ábhar imní nó ón CTC chun an freagra cuí a chinneadh.


Fuair ÚRCTC **24** ábhar imní san iomlán in 2023.

Chlúdaigh siad seo réimse ábhar lena n-áirítear tuairiscí faoi rialachas neamhleor, bainistiú tionóntachta agus teip próiseas soiléir agus trédhearcach gearán a bheith ann.

Foilsítear forbheathnú ar na hábhair imní a fuarthas ar shuíomh gréasáin ÚRCTC gach ráithe.

Tá achoimre sa tábla seo a leanas ar na hábhair imní a fuair ÚRCTC in 2023:

Príomhfhócas Imní 2023





Tacaíocht do CTCanna

In 2023, tugadh isteach foirm imeachtaí infhógartha ar líne chun tacú le cur isteach éifeachtach imeachtaí infhógartha chuig ÚRRTC agus chun an méid faisnéise breise atá á iarraidh ó CTCanna a laghdú. D'fhoilsigh ÚRRTC treirdhoiciméad chun cabhrú le CTCanna an fhoirm ar líne a chomhlánú.

I mí an Mhárta 2023, d'fhoilsigh ÚRRTC nóta treorach ar Aistriú Sócmhainní Tithíochta agus ar Chumasc CTC. Imlíonann an treoir seo na breithnithe rialála do CTCanna a d'fhéadfadh a bheith ag smaoineamh ar a gcuid sócmhainní a aistriú nó ar chumasc le heagraíochtaí eile. D'aithin ÚRRTC go raibh gá le treoir sa réimse sin tar éis anailís a dhéanamh ar fhaisnéis a fuarthas ó CTCanna.

I mí Mheán Fómhair 2023 d'fhoilsigh ÚRRTC Beartais um Ainmniúcháin agus Leithdháilí – Treoir um Bainistiú Tionóntachta do CTCanna. Tá sé mar aidhm ag an doiciméad cabhrú le CTCanna a n-oibleagáidí maidir le hainmniúcháin agus leithdháilí a thuiscint agus a chomhlíonadh. Tá gach treirdhoiciméad agus foilseachán ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚRRTC.

Measúnú

De réir Alt 38 den Acht, féadfaidh ÚRRTC measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh CTC na gCaighdeán ceadaithe.

In 2023 chríochnaigh ÚRRTC a chlár measúnaithe píolótach. Ghlac roinnt CTCanna páirt sa chlár sin a léirigh meascán de chineálacha éagsúla eagraíochtaí san earnáil. Thug an clár measúnaithe píolótach léargas agus aiseolas úsáideach do ÚRRTC ar bheartais agus nósanna imeachta agus sholáthair sé foghlaim inmheánach atá leabaithe inár gClár Measúnaithe Reachtúil. Ba mhaith le ÚRRTC buíochas a ghabháil leis na CTCanna sin a ghlac páirt sa chlár measúnaithe píolótach.

D'fhoilsigh ÚRRTC a Bheartas Measúnaithe i mí Iúil 2023. Leagtar amach sa bheartas seo cur chuige ÚRRTC maidir le measúnú ar chomhlíonadh CTC na gCaighdeán ceadaithe agus tá sé ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚRRTC.


Sheol ÚRRTC a chéad Chlár Measúnaithe reachtúil i mí Lúnasa 2023. Táthar ag súil go léireoidh CTCanna atá faoi mheasúnú comhlíonadh na gCaighdeán agus go dtabharfaidh siad fianaise ina leith sin. Tá an Clár Measúnaithe bunaithe ar riosca, comhréireach agus i gcomhréir le Creat Rialála ÚRRTC. Ó 2024 ar aghaidh, seolfar an Clár Measúnaithe ar bhonn leanúnach ar feadh na bliana. Coimeádann ÚRRTC an ceart chun measúnú a dhéanamh ar CTC ag am ar bith.

Agus CTCanna á roghnú le haghaidh measúnaithe breithníonn ÚRRTC roinnt factóirí, lena n-áirítear:

- Próifíl riosca an CTC, lena n-áirítear méid agus pleananna fáis don todhcháí.
- Imeachtaí infhógartha agus/nó ábhair imní faighte.
- Eolas curtha ar fáil sa Chlár Monatóireachta Bliantúil.
- Sampláil randamach ar CTCanna.
- Eolas faighte ó fhoinsí eile.

Tuarascáil Mheasúnaithe & Torthaí Rialála

Nuair a bheidh measúnacht agus measúnú iomlán déanta ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil, eisíonn ÚRRTC tuarascáil mheasúnaithe don CTC. Leagtar amach sna tuarascálacha seo torthaí agus moltaí ÚRRTC mar thoradh ar an measúnú agus áirítear leo toradh foriomlán rialála. Leagtar amach sa tábla seo a leanas na ceithre thoradh rialála féideartha:



Bhí an measúnú ar CTCanna ar siúl le linn Ráithe 4, 2023. Amhail an 31 Nollaig 2023, níor eisíodh aon tuarascálacha measúnaithe faoi Alt 38 den Acht.



4. Cumarsáid chomhsheasmhach agus éifeachtach le príomhpháirtithe leasmhara

Anailís Earnála

D'fhoilsigh ÚRCTC a Thuarascáil Anailíse Earnála 2023 i mí Aibreáin 2024, inar tugadh léargas níos fearr ar chatagóirí na n-earnálacha agus miondealú mionsonraithe ar shonraí arna roinnt de réir catagóire. Leag sé béim ar na difríochtaí suntasacha laistigh den earnáil, agus chuimsigh sé gnéithe amhail méid, oibríochtaí, maoiniú, sruthanna ioncaim, soláthar foirne, riosca agus maoirseacht rialála. Tá Tuarascáil Anailíse Earnála 2023 ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚRCTC.

Catagóirí na CTCanna


Agus é ina uirlis rialála thábhachtach dó, baineann ÚRCTC úsáid as catagóirí, ós rud é gur féidir soiléiriú níos fearr a fháil leis faoi na cineálacha eagraíochtaí atá ann, agus na samhlacha oibríúcháin agus cistithe atá ann laistigh den earnáil CTCanna.

Trí na tréithe éagsúla agus na próifílí riosca laistigh den

earnáil a aithint, cuireann catagóirí ar chumas rialáil riosca-bhunaithe a chur i bhfeidhm ar bhealach níos éifeachtaí. Cuireann sé creat ar fáil do ÚRCTC chun díriú ar acmhainní, treoir agus cláir rialála.

Déantar CTCanna a chatagóirí sna cúig phríomhréimse seo a leanas bunaithe ar a méid, a maoiniú agus a samhlacha oibríúcháin.

| Catagóir CTC | Catagóirí | Líon CTCanna |
|--------------------------|--|--------------|
| Micrea | Níos lú ná 20 teach cónaithe | 133 |
| Beag | Idir 20 agus 100 teach cónaithe | 100 |
| Meánmhéide | Idir 100 agus 1,000 teach cónaithe | 24 |
| Mór | 1,000 teach cónaithe nó níos mó | 9 |
| Cúram & Tacaíocht | Níos lú ná 1,000 teach cónaithe agus ceann amháin ar a laghad de na critéir seo a leanas Tagann breis agus 50% den ioncam ó FSS/Tusla Breis agus 200 Coibhéis Fostaí Lánaimseartha Tá an t-ioncam in aghaidh an tí chónaithe níos mó ná €20,000 Níl aon teach cónaithe ann ach tá ioncam | 148 |
| Méideanna Iomlána | | 414 |





Tithe Cónaithe CTC

Léirítear sa tábla thíos miondealú na n-áitreabh faoi úinéireacht, faoi bhainistiú agus faoi léas de réir gach catagóire CTC. Amhail mí Mheán Fómhair 2023, is é 61,477 líon iomlán na n-áitreabh a thuariscigh CTCanna.

| | Micrea | Beag | Meánmhéide | Mór | Cúram & Tacaíocht | Méideanna Iomlána | % |
|--------------------------|--------------|--------------|--------------|---------------|-------------------|-------------------|-------------|
| I Seilbh | 1,136 | 3,271 | 5,108 | 32,054 | 6,348 | 47,917 | 78% |
| Faighte ar Léas | 24 | 306 | 859 | 3,670 | 653 | 5,512 | 9% |
| Faoi Bhainistiú | 40 | 67 | 514 | 6,972 | 455 | 8,048 | 13% |
| Méideanna Iomlána | 1,200 | 3,644 | 6,481 | 42,696 | 7,456 | 61,477 | 100% |

Fáis Réamh-Mheasta

Gabhadh sa Chlár Monatóireachta Bliantúil fás réamh-mheasta CTCanna thar thréimhse 3 bliana (2022 -2024).

Is CTCanna móra is mó atá i gceist leis an tírdhreach fás agus 80% den réamh-mheastachán fás iomlán do na trí bliana atá amach romhainn á thuarisciú ag an gcohort sin. Léirítear le hanailís bhreise nach bhfuil ach ceithre CTC freagrach as 64% den fhás sin.

Fáis Réamh-Mheasta (2023-2025)

| | Micrea | Beag | Meánmhéide | Mór | Cúram & Tacaíocht | Méideanna Iomlána |
|---------------------------------|-----------|--------------|--------------|---------------|-------------------|-------------------|
| 2023 | -12 | 195 | 409 | 5,832 | 65 | 6,489 |
| 2024 | 58 | 330 | 643 | 5,211 | 309 | 6,551 |
| 2025 | 27 | 741 | 867 | 5,920 | 650 | 8,205 |
| Fás Réamh-Mheasta Iomlán | 73 | 1,266 | 1,919 | 16,963 | 1,024 | 21,245 |
| | 0% | 6% | 9% | 80% | 5% | 100% |

Sócmhainn agus Dliteanais

Léiríonn an anailís chomhdhlúite earnáil a bhfuil sócmhainní seasta de thart ar €8.3 billiún inti san iomlán.

Thuariscigh CTCanna dliteanais iomlána de thart ar €7 mbilliún agus tá €3.7 billiún de sin comhdhéanta de mhaoiniú iasachta. B'ionann deontais rialtais agus €1.8 billiún de dhliteanais agus b'ionann dliteanais eile agus €1 bhilliún san iomlán.

Ioncam na hEarnála

Thuariscigh na CTCanna ioncam bliantúil de thart ar €1.9 billiún.

Cé go dtuariscíonn an earnáil ioncam iomlán mar €1.9 billiún, is ionann eagraíochtaí cúraim agus tacaíochta agus 70% (€1.3 billiún) den iomlán. Níl ach 13% de thithíocht iomlán na hearnála i seilbh na n-eagraíochtaí seo, á ligean ar léas agus á bhainistiú ag na heagraíochtaí seo, agus iad ag díriú go príomha ar sheirbhísí cúraim agus tacaíochta a sholáthar, le tithíocht mar chuid bheag dá n-oibríochtaí iomlána. Léiríonn an anailís go mbaianeann an chuid is mó den ioncam cúraim agus tacaíochta le soláthar seirbhísí, mar dheontais ioncaim bhliantúla ó FSS, ó ranna rialtais agus ó chomhlachtaí poiblí eile. Tuairiscíonn na heagraíochtaí seo nach mbaianeann ach 4% dá n-ioncam le tithíocht.



Cumarsáid agus plé le páirtithe leasmhara

Tá ÚRCTC tiomanta do chumarsáid éifeachtach a dhéanamh agus caidrimh chomhoibríocha a fhorbairt le príomhpháirtithe leasmhara. Ag teacht lenár gcuspóir straitéiseach chun cumarsáid chomhsheasmhach agus éifeachtach a áirithiú, tá ÚRCTC tar éis an méid seo a leanas a fhorbairt:



LÁITHREACTH AR LÍNE

CLÁR TREORACH AGUS OIDEACHAIS



COMHAIRLIÚCHÁIN LEANÚNACH LE PRÍOMHPHÁIRTITHE LEASMHARA

STRAITÉIS CUMARSÁIDE



CUMARSÁID ÉIFEACTHACH LE COMHLACHTAÍ EILE

Is feidhm thábhachtach de ÚRCTC an tAcht a chur chun cinn agus feacht air a mhéadú, rudaí a rinne sé ar na bealaí seo a leanas in 2023:

- a shuíomh gréasáin agus a inrochtaineacht ar an ngréasán a nuashonrú agus a fheabhsú chun suíomh gréasáin ÚRCTC a dhéanamh cuimsitheach do chách
- sraith seimineár gréasáin oideachais a óstáil do CTCanna ar a chlár Measúnaithe agus ar phróiseas imeachtaí infhógartha
- an chéad thuarascáil Anailíse Earnála ÚRCTC a fhoilsiú
- a Thuarascáil Bhliantúil 2021/2022 a fhoilsiú
- roinnt treoirchoiméad do CTCanna a fhoilsiú
- rannpháirtíochtaí cainte ag imeachtaí comhdhála chun ról ÚRCTC mar rialtóir reachtúil CTCanna a chur in iúl

Déanann ÚRCTC a dhícheall cumarsáid agus comhoibriú éifeachtach a bhaint amach le páirtithe leasmhara agus le rialtóirí eile. Tá forbairt comhaontuithe le rialtóirí ábhartha eile agus foilsiú faisnéise agus sonraí atá trédhearcach agus inrochtana ar an earnáil CTC ina príomhfhócas i gcónaí do ÚRCTC.

Caidrimh le rialtóirí eile agus le comhlachtaí poiblí eile

Déanann ÚRCTC maoirseacht ar réimse leathan éagsúil eagraíochtaí, agus déanann sé cumarsáid ghníomhach le príomhrialtóirí agus le comhlachtaí poiblí, amhail an tÚdarás Rialála Carthanas, an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe, údaráis áitiúla agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte Tá ÚRCTC ag céim luath maidir le comhoibriú riaracháin a éascú, dea-chleachtas, faisnéis agus eolas a roinnt le comhlachtaí dá leithéid. Tá sé mar aidhm againn a chinntiú go mbeidh leanúnachas agus trédhearcacht sa chinnteoireacht agus, nuair is féidir, dúbailt gníomhaíochtaí rialála a laghdú.


In 2023, de bhun Alt 23(1) den Acht, shínigh ÚRCTC agus an Rialálaí Carthanas meabhrán tuisceana (MT) chun iontaoibh agus muinín an phobail san earnáil CTC agus in earnáil carthanachta na hÉireann a threisiú tuilleadh. Leis an Meabhrán Tuisceana áirithe sin, is féidir leis an dá eagraíocht faisnéis a roinnt chun críche a bhfeidhmeanna féin a chomhlíonadh, ceadaítear leis freisin comhoibriú idir an dá chomhlacht i gcásanna cuí agus cuirfidh sé le rialáil éifeachtach CTCanna agus carthanas cláraithe in Éirinn.

Is féidir an MT a fheiceáil ar shuíomh gréasáin ÚRCTC.

Páirtithe Leasmhara ÚRCTC

Feidhmíonn ÚRCTC in earnáil chasta, le réimse agus scála leathan CTCanna, le samhlacha soláthair, struchtúir mhaoiniúcháin agus próifílí riosca éagsúla. Tá an earnáil CTC ina timpeallacht rialála ina bhfuil roinnt rialálaithe, maoinitheoirí agus gníomhaireachtaí maoirseachta.

Mar sin, i measc pháirtithe leasmhara ÚRCTC tá ranna rialtais, údaráis áitiúla, eagraíochtaí tathanta, maoinitheoirí rialtais, maoinitheoirí príobháideacha, tionóntaí, comhaltaí boird, comhlachtaí poiblí, agus údaráis rialála. Mar an gcéanna, tá cur chuige ÚRCTC i leith páirtithe leasmhara agus ár bplé leo ilghnéitheach agus solúbtha.





Foilseacháin agus Cumarsáid 2023

Seimineáir Ghréasáin Oideachasúla 2023

Ba chuid thábhachtach d'obair ÚRCTC treoir agus oideachas a chur ar fáil don earnáil le linn 2023. D'óstáil ÚRCTC sraith seimineáir ghréasáin oideachais ar fhreastail a lán daoine orthu in 2023 agus inar clúdaíodh a chlár Measúnuithe agus a phróiseas agus treoir maidir le teagmhais infhógartha.

Ócáidí

D'fhreastail ÚRCTC ar roinnt imeachtaí in 2023 agus labhair sé acu. Áiríodh leo sin Comhdháil Tithíochta Éireann, Comhdháil na gCleachtóirí Tithíochta a reáchtáilann an Ghníomhaireacht Tithíochta i gcomhar leis an bhForas Riaracháin agus Comhdháil Dhébhliantúil Náisiúnta Tithíochta Sóisialta CSH de chuid Chomhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta. Rinne ÚRCTC cur i láthair freisin ag Comhdháil Bhliantúil um Sheirbhís Iníúcháireachta Rialtais Áitiúil, agus ar Stiúthóirí Soláthair Tithíochta Bhaile Átha Cliath. Tá tábhacht ar leith le himeachtaí ar an láthair d'ionadaithe ÚRCTC chun bualadh le príomhpháirtithe leasmhara agus éisteacht leo agus fí, cuspóirí agus Creat Rialála ÚRCTC a chur i láthair. Ba mhaith le ÚRCTC buíochas a ghabháil leo siúd a thug cuireadh dóibh chuig a gcomhdhála lena chinntiú go gcloistear an teachtaireacht rialála go comhsheasmhach ar fud na hearnála.

Bealaí Cumarsáide

Is é suíomh gréasáin ÚRCTC an phríomhfhoinsé eolais do CTCanna agus dár bpáirtithe leasmhara. Tá eolas agus treoir úsáideach ar fáil air faoi gach gné de ról agus d'fheidhmeanna ÚRCTC. Baineann foireann na hearnála agus príomhpháirtithe leasmhara úsáid ghníomhach as an suíomh gréasáin. Nuashonraítear suíomh gréasáin ÚRCTC ar bhonn rialta mar chuid de thiomantas ÚRCTC d'eolas agus sonraí trédhearcacha inrochtana a chur ar fáil faoin earnáil, agus molann ÚRCTC do pháirtithe leasmhara an uirlis thábhachtach eolais seo a úsáid. Postálann ÚRCTC nuashonruithe rialta ar na meáin shóisialta agus baineann sé úsáid as LinkedIn den chuid is mó. Tá roinnt seoltaí ríomhphoist tiomnaithe ag ÚRCTC freisin le haghaidh fiosruithe ar leith a bhainistítear go gníomhach chun freagairtí tráthúla a chinntiú.

Cuireann ÚRCTC nuachtlitreacha amach chuig an earnáil i rith na bliana. Cuireann na nuachtlitreacha sin CTCanna agus príomhpháirtithe leasmhara ar an eolas faoi fhorbairtí in ÚRCTC agus faoin dul chun cinn sa timpeallacht rialála nua, faoi fhoilseacháin agus faoi threoir.

Ceisteanna Parlaiminteacha

Fuair agus d'fhreagair ÚRCTC ceithre cheist pharlaiminteacha in 2023. Tá bosca poist tiomnaithe ag ÚRCTC do Theachtaí Dála agus do Sheanadóirí chun próiseas cuíchóirithe le haghaidh freagraí a thairiscint.

Saoráil Faisnéise (SF)

Mar chomhlacht poiblí, faigheann ÚRCTC iarratais ar fhaisnéis faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 ("an tAcht um Shaoráil Faisnéise"). Fuair ÚRCTC cúig iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise in 2023. Bhain siad sin le próiseas teagmhas infhógartha, lena Chlár Monatóireachta Bliantúil agus le hábhair eile. I ndiaidh iad a mheasúnú i gcoinne an Achta um Shaoráil Faisnéise, dheonaigh ÚRCTC ceithre cinn i bpáirt agus diúltaíodh ceann amháin.

Fuair ÚRCTC iarratas amháin ar athbhreithniú inmheánach in 2023, agus iarradh ar Oifig an Choimisinéara Faisnéise (OIC) ceann amháin acu a athbhreithniú. Déileáladh le gach iarratas agus tugadh chun críche iad faoi dheireadh na bliana cé is moite d'athbhreithniú Oifig an Choimisinéara Faisnéise atá ar siúl.

Tá liosta de na hiarratais neamhphearsanta SF go léir, mar aon le faisnéis eile a foilsíodh faoinár Scéim Foilsithe um Shaoráil Faisnéise, ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚRCTC.

2023 agus ina dhiaidh sin

Beidh cláir rialála ÚRCTC fós gníomhach le linn 2024 agus leanfaidh sé ag obair go dlúth le CTCanna agus le páirtithe leasmhara i raon príomhréimsí. Sainithníodh san anailís eárnála roinnt réimsí fócais dá clár oideachais agus treorach in 2024. Léiríodh leis an gclár rialála a rinneadh in 2023 deiseanna le haghaidh tuilleadh forbartha i réimsí na hanailísíochta sonraí, an mheasúnaithe riosca agus chreat forfheidhmithe ÚRCTC. Ceanglófar ar ÚRCTC freisin freagairt d'aon leasuithe reachtacha agus a dtionchar ar a phróisis rialála a réamh-mheas. Tá sé beartaithe ag ÚRCTC leanúint le socruithe comhroinnte sonraí a fhorbairt le páirtithe leasmhara rialála eile chun éifeachtúlacht a phróisis rialála a uasmhéadú.



5. Eagraíocht lúfar, sholúbtha agus chuntasach


Struchtúr Eagrúcháin

Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as ÚRCTC a bhainistiú agus a riar ó lá go lá. Tá fócas ÚRCTC ar na Caighdeáin do CTCanna, an Creat Rialála, an clár clárúcháin a éascú agus a fheabhsú, agus cumarsáid lena phríomhpháirtithe leasmhara a chothú.

Leanann ÚRCTC le hardchaighdeán rialachais a chinntiú trí athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar bheartais agus nósanna imeachta mar a léirítear i dtorthaí dearfacha iniúchóireachta ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, chomh maith le roinnt iniúchtaí inmheánacha. Ceapadh roinnt baill foirne nua in 2023 lena chinntiú go bhfuil acmhainní cuí ag ÚRCTC.

Chonacthas aistriú in 2023 san fhorbairt i dtreo an Creat Rialála a leabú, trí mheasúnú a dhéanamh ar fhaisnéis agus ar shonraí d'fhonn cur chuige leanúnach i leith rialáil rioscabhunaithe a éascú, treoir agus cláir oideachais a chur ar fáil, agus creataí imscrúdaithe agus forfheidhmithe a chur chun feidhme. In 2023, rinne ÚRCTC a struchtúr foirne a atheagrú chun cur i bhfeidhm a Chreat Rialála a éascú ar bhealach níos fearr. Feictear struchtúr reatha na foirne sa léaráid seo a leanas:

Struchtúr Eagrúcháin ÚRCTC





Soláthar Foirne

Is eagraíocht bheag ach dhinimiciúil é ÚRCTC, agus tá ionracas agus cinnteoireacht chomhsheasmhach éifeachtach mar chuid lárnach dár n-éiteas. Díríodh go mór ar eagraíocht a chruthú ina gcuirfí béim ar leith ar fhorbairt foirne agus ar fheabhsú leanúnach. Teastaíonn meascán de shaineolaithe speisialaithe, de chinnteoirí, de bhainisteoirí cásanna agus de riarthóirí ó ÚRCTC. Féachann sé lena chinntiú go bhfuil na scileanna agus an saineolas cuí aige ar gach leibhéal den eagraíocht agus go n-úsáidtear na hacmhainní sin ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla.

Agus ÚRCTC ag bogadh i dtreo timpeallacht gnó mar is gnách, tá an gá le hacmhainní daonna a mhéadú chun tacú le bainistiú clárúcháin, measúnú, oideachas, treoir, faireachán agus comhlíonadh, teagmhais infhógartha, ábhair inní, measúnuithe agus dlí. ualaí oibre tuartha agus pleanáilte aige.

Thionóil ÚRCTC feachtas earcaíochta suntasach agus ceapadh acmhainní breise i bpríomhréimsí mar thoradh air. Díreach mar a tharlaíonn in eagraíochtaí eile idir phoiblí agus phríobháideach, tháinig athruithe ar fhoireann ÚRCTC, áfach, agus bhí sé deacair dóibh na daoine cearta a fháil do phoist. Déanann ÚRCTC athbhreithniú ar a riachtanais foirne ar bhonn rialta chun a chinntiú go bhfuil an fhoireann chúí acu chun a spriocanna inghnóthaithe agus a chuspóirí a bhaint amach. Amhail an 31 Nollaig 2023, bhí 27 ball foirne Lánaimseartha ag obair le ÚRCTC.

Forbairt Foirne

Díríonn ÚRCTC ar fhorbairt foirne agus ar a bheith ina rogha fostóir i gcomhréir lena chuspóirí straitéiseacha. Leanann sé le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt ball foirne agus foirne trí chruinnithe uile-fhoireann, nuachtlitreacha inmheánacha d'fhoireann ÚRCTC, cláir oiliúna inmheánacha, tacaíocht do chúrsaí oiliúna seachtracha agus trí fhreastal na mball foirne ar chomhdháil agus imeachtaí ábhartha a éascú.

Tá sé mar aidhm ag ÚRCTC tógáil air sin thar na blianta atá amach romhainn le forbairt clár cuimsitheach oiliúna foirne.

An tÚdarás Rialála Comhlachtaí
Tithíochta Ceadaithe

Approved Housing Bodies
Regulatory Authority



Rialú ar ÚRCTC





Foireann Fheidhmiúcháin

Leona McMahon, Príomhfheidhmeannach Eatramhach

Cheap an Bord Leona mar Phríomhfheidhmeannach Eatramhach ar ÚRCTC le héifeacht ón 25 Aibreán 2024.

Thosaigh Leona ag obair le ÚRCTC mar Cheannasaí Dlí agus Comhlíonta i mí an Mheithimh 2022 ag gníomhú mar chomhairleoir dlí do ÚRCTC i bhfeidhmiú a dhualgas agus a chumhachtaí chun go gcloífeadh lena reachtaíocht rialaithe agus cuireadh sí comhairle dlí ar fáil ar fud na heagraíochta. Tá breis agus fiche bliain taithí dlí ag Leona san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí araon, go háirithe i réimsí na n-ionad réadmhaoine, na tithíochta agus na forfheidhmithe reachtaíochta. Is aturnae í agus d'oirbh sí i gcleachtas príobháideach sular thosaigh sí ag obair san earnáil phoiblí. Tá Céim sa Dlí agus Staidéar Eorpach agus teastais ghairmiúla sa Dlí um Chosaint Sonraí agus Teicneolaíocht ó Dhlí-Chumann na hÉireann aici.



Paula Nyland, Ceannasaí Rialála (Clárú & Measúnuithe)

Ceapadh Paula Nyland ina Ceannasaí Rialála i mí Dheireadh Fómhair 2023. Tá sí freagrach as na foirne Clárúcháin agus Measúnaithe agus príomhbhéim ar bhainistíocht éifeachtach agus éifeachtúil na bhfeidhmeanna sin.

Bhí Paula ina Ceannasaí Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha le ÚRCTC ó bhí mí na Samhna 2021 ann. Is cuntasóir cairte (comhalta) í a bhfuil breis agus 25 bliain taithí aici i roinnt réimsí airgeadais lena n-áirítear iniúchadh inmheánach; tuairiscí airgeadais; agus pleanáil. An ról a bhí ag Paula roimhe seo, ba san earnáil neamhbhrabúis a bhí sé. Chaith sí sé bliana ina Ceannasaí Airgeadais agus Oibríochtaí ag Benefacts, áit ar chuir sí anailís, oiliúint agus seirbhísí ar fáil don earnáil neamhbhrabúis agus do chomhlachtaí rialtais araon.



Antonia Smyth, Ceannasaí Rialála (Maoirseacht Rialála agus Cumarsáid)

Ceapadh Antonia Smyth ina Ceannasaí Rialála i mí an Mhárta 2024. Tá an fhreagracht ag Antonia as maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar sholáthar gach gné d'fheidhmeanna Maoirseachta Rialála agus Cumarsáide ÚRCTC.

Tá taithí os cionn 20 bliain aici laistigh den earnáil seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta áit a raibh ról shinsearach cheannaireachta, rialachais agus rialála aici. Bhí an ról is déanaí a bhí ag Antonia san earnáil rialtais áitiúil áit a raibh sí ina Ceannasaí Tithíochta ar Chomhairle Contae na hIarmhí ar feadh roinnt blianta.



Kerrie-Ann Doyle, Ceannasaí Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha

Ceapadh Kerrie-Ann Doyle ina Ceannasaí Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha i mí Feabhra 2024. Tá Kerrie-Ann freagrach as gach gné den bhainistíocht airgeadais, den pleanáil agus den tuairiscí de réir cheanglais OCAG. Déanann sí maoirseacht freisin ar sholáthar agus ar gach gné d'fheidhmeanna seirbhísí corparáideacha ÚRCTC lena n-áirítear cuntasáíocht, AD, TFC, earcú agus saoráidí.





Bord agus Fochoistí

Bord ÚRCTC

Tá Bord ÚRCTC freagrach as an eagraíocht a threorú sa treo ceart ó thaobh na straitéise de. Tá naonúr ball ann faoi láthair, a bhfuil saineolas fairsing acu le chéile sna réimsí seo a leanas; tithíocht, cúrsaí údarás áitiúil, gnóthaí dlí, airgeadas, rialachas, oibríochtaí agus rialáil. Cheap an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta an naonúr comhaltaí boird don tréimhse 11 Feabhra 2021 - 10 Feabhra 2026, tar éis próiseas a reáchtáil an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Tá socruithe rialachais chorparáidigh ÚRCTC faoi réir a reachtaíochta rialaithe agus faoi réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Chomh maith leis sin, tá an caidreamh leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta faoi réir comhaontú maoirseachta. Déantar athbhreithniú bliantúil ar shocruithe rialachais ÚRCTC lena chinntiú go gcomhlíontar a oibleagáidí reachtúla agus go gcloítear leis an dea-chleachtas ar bhonn leanúnach.

Eddie Lewis (Cathaoirleach)

Chaith Eddie Lewis an chuid is mó dá shaol gairmiúil ag obair sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. D'oibrigh sé i roinnt rannóga den roinn le linn an ama sin, lena n-áirítear tréimhse mar Phríomhoifigeach do roinnt réimsí beartais tithíochta. Tá sé ag obair faoi láthair mar Léachtóir Comhlach leis an bhForas Riaracháin, áit a bhfuil sé i gceannas ar Chúrsaí Diplóma agus Teastais Ghairmiúil sa Staidéar Tithíochta.

Labhair sé agus scríobh sé ailt faoi ábhair éagsúla a bhaineann le tithíocht agus scríobh sé 'Competing in an Uncertain World. Institutional Change in the Irish State', a foilsíodh in 2010, agus 'Social Housing Policy in Ireland. New Directions' [2019].



Séamus Neely

Bhí Seamus Neely ina Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle Contae Dhún na nGall ó mhí Iúil 2010 go dtí mí Iúil 2020. Chuir sé tús lena ghairm sa tseirbhís phoiblí le Comhairle Contae Dhún na nGall sular bhog sé go ról éagsúla rialtais áitiúil i Muineachán agus sa Chabhán. Tá céim onóracha ag Seamus i Staidéar Gnó ó Ollscoil Uladh agus MBA ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá sé ina chomhalta boird den Ghníomhaireacht Forbartha Talún agus Aerfort Chathair Dhoire Teo. agus tá sé ina Chathaoirleach ar an gCoiste Achomhairc Foraoiseachta faoi láthair. D'fhóin sé ar Bhord Bhoneagar Iompair Éireann, ar an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, ar Fhiontar Contae Dhún na nGall agus ar CLG Turasóireachta Dhún na nGall.



Eileen Gleeson

Bhí Eileen Gleeson ina Stiúrthóir tráth ar Fheidhmeannacht um Dhaoine ar Easpa Dídine Réigiún Bhaile Átha Cliath, ról ina raibh sí freagrach as déileáil leo siúd a bhí gan dídean nó a bhí i mbaol a bheith gan dídean do na ceithre údarás áitiúla i mBaile Átha Cliath faoi choimirce Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Seirbhíseach poiblí ó ghairm ba ea í a d'oibrigh le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar feadh breis agus 40 bliain go dtí go ndeachaigh sí ar scor i mí Eanáir 2021. Tá Eileen ina ball neamhfheidhmiúcháin de bhord na Gníomhaireachta Tithíochta ó mhí Eanáir 2023 freisin.

Bhí roinnt príomhrólí cheannaireachta ag Eileen san údarás áitiúil le linn a gairme agus, chaith sí os cionn 30 bliain ag obair i seirbhísí tithíochta le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Bhí ról lárnach aici i bhfás agus i bhforbairt Earnáil na gComhlachtaí Tithíochta Ceadaithe d'fhonn tithíocht shóisialta a sholáthar i gCathair Bhaile Átha Cliath.





Geraldine Hynes

Is atur nae agus idirghabhálaí creidiúnaithe í Geraldine Hynes a bhfuil taithí na mblianta aici i gcleachtadh ghinearálta, oideachas dlí, rialáil agus dlí comhionannais. Ó 2012 i leith, tá sí ag obair mar idirghabhálaí agus mar chomhairleoir um réiteach malartach díospóide agus is idirghabhálaí deonach í le seirbhísí Dhlí an Chomhphobail agus Idirghabhála. Thug sí cuidiú ar feadh blianta fada mar atur nae deonach le Mercy Law Resource Centre, ag déileáil le saincheisteanna tithíochta agus easpa dídine. Ó 2012 go 2023 bhí Geraldine ina cathaoirleach ar bhinsí faoi na hAchtanna Meabhair-Shláinte. Ba chomhalta í de bhord tionscnaimh an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre a bunaíodh in 2015.



Jillian Mahon

Tá taithí na mblianta ag Jillian Mahon mar stiúrthóir feidhmiúcháin agus mar stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin, agus tá an-chuid taithí ghinearálta agus saintaithí aici ar bhainistíocht san earnáil airgeadais phríobháideach, phoiblí agus idirnáisiúnta trí chéile. Tá sí ina comhairleoir neamhspleách gnó agus airgeadais ó 2019 i leith, agus oibríonn sí sa tír seo agus san AE mar chomhairleoir san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon, go háirithe i réimsí na bainistíochta riosca agus na inbhuanaitheachta.

Bhí ról shinsearach ag Jillian roimhe seo i nGníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, leis an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean/ Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann ar dtús agus ó 2014 i leith ar an fhoireann tionscadail a bhunaigh Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann. Bhí gairmréim rathúil ag Jillian in earnáil i mbaincéireacht margai caipitil sula raibh na ról sin aici, agus bhí ról an Chisteora aici in AIB. Ceapadh í sa Chomhairle Chomhairleach um an Athrú Aeráide in 2021 agus tá roinnt ról stiúthóireachta/ iontaobhais aici in eagraíochtaí daonchairdiúla agus carthanúla. Tá BA, MBA, agus Diplómaí Gairmiúla sa Rialachas Corparáideach agus Teastas san Airgeadas Inbhuanaithe ag Jillian.



John McCarthy

Is iar-státseirbhíseach é John McCarthy a bhfuil taithí 35 bliain aige. Chaith sé breis agus ó bliana go dtí mí an Mheithimh 2020 mar Ard-Rúnaí na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, nó an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil mar a tugadh uirthi tar éis athstruchtúru a dhéanamh uirthi. Chaith sé tréimhsí éagsúla ama roimhe sin mar Rúnaí Cúnta i gceannas ar na Rannóga Rialtais Áitiúil, Comhshaoil agus Tithíochta sa Roinn. Bhí sé ina Phríomhoifigeach roimhe sin arís i roinnt réimsí gníomhaíochta de chuid na roinne, lena n-áirítear tithíocht inacmhainne agus bainistíocht dramhaíola. Thosaigh sé ag obair sa roinn in 1991, tar éis dó a bheith ag obair roimhe sin i roinnt rannaanna eile, lena n-áirítear an Roinn Coimirce Sóisialaí agus an Phríomh-Oifig Staidrimh. Tá bunchéim agus diplóma iarchéime aige sa bhainistíocht agus céim máistir aige sa riarachán poiblí. Tá roinnt ról neamhfheidhmiúcháin aige san earnáil phoiblí faoi láthair lena n-áirítear mar Chathaoirleach ar Bhord Bainistíochta na Stiúthóireachta Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandálaí, mar Chathaoirleach ar an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta agus mar Chathaoirleach/Comhalta de Choistí Iniúchóireachta roinnt comhlachtaí poiblí.





An Dr Oonagh Breen

Tá Oonagh Breen ina hOllamh le Dlí ag Scoil Dlí Sutherland, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Is céimí de chuid COBÁC agus Scoil Dlí Yale í, agus tá béim ar rialáil agus rialachas dlí carthanais comparáideach ina cuid taighde. D'oibrigh sí leis an earnáil neamhbhrabúis, le rialálaithe carthanais agus le lucht déanta beartas i roinnt dlínsí (lena n-áirítear Éire, an RA, an Astráil, an Nua-Shéalainn agus Ceanada). Is lar-uachtarán de chuid an International Society for Third Sector Research í Oonagh, agus is ball den chomhairle chomhairleach idirnáisiúnta don International Center for Not-for-Profit Law í. Is í údar na Tuarascála 'Enlarging the Space for European Philanthropy' (DAFNE & EFC, 2018), agus tá sí ina comhúdar ar an lámhleabhar 'Law of Charities in Ireland', Breen agus Smith (Bloomsbury, 2019).



Michael Cameron

Is é Michael Príomhfheidhmeannach Rialálaí Tithíochta na hAlban, agus rialálaí na dTiarnaí Talún Sóisialta Cláraithe agus seirbhísí tithíochta na n-údarás áitiúil in Albain. Bhí soláthar seirbhísí tithíochta sóisialta, sláinte poiblí agus leasa mar chuid lárnach dá ghairm bheatha, agus le fiche bliain anuas d'oibrigh sé i seirbhís cigireachta agus rialála Rialálaí Tithíochta na hAlban agus sna heagraíochtaí a tháinig roimhe. Cuireadh oideachas ar Michael ag Ollscoil Ghlaschú.



Orla Coyne

Tá Orla Coyne ina haturna cáilithe le breis agus 30 bliain. Chaith sí seal roimhe sin mar chomhalta Comhairle/Coiste agus mar Chathaoirleach Coiste i nDlí-Chumann na hÉireann agus i gComhlachas Barra Aturnaetha Bhaile Átha Cliath (DSBA) araon, agus uachtarán DSBA a bhí inti tráth. Ceapadh í mar chomhalta Boird den Bhord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha ó 2005-2013, agus chaith sí tréimhse mar Chathaoirleach an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha ó 2009-2013, agus d'fhan sí mar chomhalta den Bhinse ó 2013 go 2016. Ceapadh ar an mBinse Ciosa í roimhe sin (mar chomhalta agus mar Chathaoirleach), agus níos déanaí fós ceapadh ar an mBinse Luachála í ó 2015 go dtí an lá atá inniu ann. Tá sí ina ball de Bhord Achomhairc na Seirbhísí Maoine ó bhí 2022 ann. Is céimí de chuid COBÁC í agus tá Dioplóma larchéime san Eadráin agus i nDlí na hEorpa aici.





Freastal ar Chruinnithe Boird 2023

| Freastal ar Chruinnithe Boird | | Dr. Oonagh Breen | Edward Lewis | Eileen Gleeson | Geraldine Hynes | Jillian Mahon | John McCarthy | Michael Cameron | Orla Coyne | Séamus Neely |
|------------------------------------|--------------|------------------|--------------|--------------------------|-----------------|---------------|---------------|-----------------|------------|--------------|
| 20 | 9 Feabhra | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair |
| 21 st | 29 Márta | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair |
| 22 | 26 Aib | as láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair |
| 23 | 24 Bealtaine | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair |
| 24 | 28 Meith | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | as láthair | i láthair |
| 25 | 26 Iúil | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair |
| 26 | 30 Lún | i láthair | i láthair | as láthair (dícháilithe) | i láthair | i láthair | i láthair | as láthair | i láthair | i láthair |
| 27 | 5 MF | i láthair | i láthair | as láthair (dícháilithe) | as láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair |
| 28 | 27 MF | i láthair | i láthair | as láthair (dícháilithe) | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair |
| 29 | 23 DF | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair |
| 30 | 29 Samh | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair |
| Tinreamh don bhliain iomlán | | 10 | 11 | 9 | 10 | 11 | 11 | 10 | 10 | 11 |



Fochoistí

Coiste um Iníúcháireacht agus Riosca

Bhunaigh ÚRCTC Coiste um Iníúcháireacht agus Riosca (ARC) ar a raibh ceathrar comhaltaí boird in 2023. Is é ról an Choiste um Iníúcháireacht agus Riosca tacú leis an mbord i dtaca lena fhreagrachtaí i gcúrsaí a bhaineann le riosca, rialú agus dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste um Iníúcháireacht agus Riosca neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta ó lá go lá.

Tuairiscíonn an Coiste um Iníúcháireacht agus Riosca don bhord i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain. Is iad Eileen Gleeson, John McCarthy, Oonagh Breen, agus Jillian Mahon na comhaltaí den Choiste um Iníúcháireacht agus Riosca.

Ceapadh Patricia Golden mar chomhalta seachtrach den CIR an 8 Nollaig 2023.

Reáchtáladh ceithre chruinniú den Choiste um Iníúcháireacht agus Riosca sa tréimhse suas go díf mí na Nollag 2023.

Coiste Dlí agus Rialála

Bhunaigh an ÚRCTC Coiste Dlí agus Rialála i mí Iúil 2022. Is é ról an Choiste tacú leis an mbord in athbhreithniú agus i maoirsiú chreat reachtaíochta agus chur chuige rialála ÚRCTC. Is iad Orla Coyne, Geraldine Hynes, Michael Cameron agus Seamus Neely na comhaltaí an Choiste Dlí agus Rialála.

Reáchtáil an Coiste Dlí agus Rialála 4 chruinniú sa tréimhse suas go díf mí na Nollag 2023.

Bainistiú Riosca

Tá creat bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag ÚRCTC, agus tá Beartas agus Nós Imeachta Bainistíochta Riosca, Ráiteas Inghlacthachta Riosca agus Clár um Riosca Corparáideach mar chuid de sin. Déanann an córas bainistíochta riosca príomhríoscaí a shainiú agus a thuairisciú chomh maith leis na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéad agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a shainiú na príomhríoscaí atá roimh ÚRCTC agus rinneadh iad sin a mheasúnú agus a chur in ord tosaíochta. Déanann an Coiste um Iníúcháireacht agus Riosca an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na n-athbhreithnithe ar rioscaí chun acmhainní a pheanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha. Bíonn riosca ina mhír sheasta ar an gclár oibre ag gach cruinniú boird.

Soláthar

Tá nósanna imeachta ag ÚRCTC chun cloí leis na rialacha agus na treoirlínte reatha soláthair mar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.

Freastal ar Chruinnithe an Choiste um Iníúcháireacht agus Riosca

2023

Freastal ar Chruinnithe an Choiste um Iníúcháireacht agus Riosca

| | | Jillian Mahon (Cathaoirleach) | Eileen Gleeson | John McCarthy | An Dr Oonagh Breen |
|------------------------------------|---------|-------------------------------|----------------|---------------|--------------------|
| 9ú | 30 Ean | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair |
| 10ú | 3 Beal | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair |
| 11ú | 17 Iúil | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair |
| 12ú | 1 Samh | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair |
| Tinreamh don bhliain iomlán | | 4 | 4 | 4 | 4 |

Freastal ar Chruinnithe an Choiste Dlí agus Rialála

2023

Ainm Chomhalta an LRC

| | | Orla Coyne (Cathaoirleach) | Geraldine Hynes | Michael Cameron | Seamus Neely |
|----|---------|----------------------------|-----------------|-----------------|--------------|
| 5ú | 30 Ean | i láthair | as láthair | i láthair | i láthair |
| 6ú | 12 Aib | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair |
| 7ú | 31 Beal | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair |
| 8ú | 5 MF | i láthair | i láthair | as láthair | i láthair |

Iníúcháireacht Inmheánach

Tá feidhm iníúcháireachta inmheánaí ag ÚRCTC i gcomhréir leis an gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Déantar an fheidhm iníúcháireachta inmheánaí a bhainistiú trí sholáthraí seachtrach. Tá cairt iníúcháireachta agus straitéis iníúcháireachta inmheánaí ag ÚRCTC (2022 -2026). Rinneadh ceithre iníúchadh inmheánacha le linn 2023:

- Teagmhais Infhógartha
- Bainistiú riosca
- TFC
- Rialuithe Inmheánacha

Fuair ÚRCTC torthaí dearfacha, cuiditheacha ar gach iníúchadh.

Sáruiithe ar Shonraí


Rinneadh trí shárú ar sonraí le linn 2023 agus earráid dhaonna ba chúis le gach ceann den thrí cinn. Taifeadadh dhá cheann mar riosca íseal agus taifeadadh ceann amháin mar riosca measartha. Tuairiscíodh dhá cheann de na trí shárú don Choimisinéir Cosanta Sonraí agus measadh nach dócha go mbeadh riosca ag baint leis an tríú sárú do dhaoine is ábhar do na sonraí.



Astaíochtaí Carbóin


Bainistíocht Fuinnimh ÚRCTC le haghaidh 2023

I mí Eanáir 2023, bhog an tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe isteach ina chuid oifigí ar an 4ú hurlár i dTeach Grattan, Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath. I mí an Mheithimh 2023, d'oibrigh ÚRCTC le Eco Merit chun córas bainistithe fuinnimh a chruthú (féach fíor 1), a rianáíonn úsáid fuinnimh ÚRCTC, rud a chuireann ar chumas maoirseacht níos fearr a dhéanamh ar a threochtaí úsáide fuinnimh. Sholáthair Eco Merit a phlean feabhsúcháin do ÚRCTC freisin, plean ina liostaítear na hathruithe is féidir a dhéanamh ar a chuid oifigí agus ar iompar na foirne chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú tuilleadh agus a astaíochtaí carbóin a laghdú.



Déantar ídiú fuinnimh ÚRCTC a rianú ar bhonn míosúil bunaithe ar shonraí óna mhéadar leictreachais. Tuairiscítear an t-ídiú fuinnimh d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) ar bhonn bliantúil.

An tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe Úsáid Mhíosúil Leictreachais (kWh) Méadar 24 Uair an Chloig



Fíor 1 - Ídiú fuinnimh ÚRCTC 2023-2024

An tÚdarás Rialála Comhlachtaí
Tithíochta Ceadaithe

Approved Housing Bodies
Regulatory Authority



Aguisín A – Ráitis Airgeadais 2023





Eolas Ginearálta

| | |
|--|---|
| Comhaltai an Rialálaí | Eddie Lewis (Cathaoirleach) Séamus Neely Eileen Gleeson Geraldine Hynes Jillian Mahon John McCarthy Oonagh Breen Michael Cameron (RA) Orla Coyne |
| Sinsearach Foireann Bainistíochta | Susanna Lyons - Príomhfheidhmeannach Steven Sheridan - An Ceannasaí Maoirseachta Rialála Paula Nyland – Ceannasaí Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha Leona McMahon – Ceannasaí Gnóthaí Dlí |
| Ceannoifig | An tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe, Teach Grattan (Urlár 4) 67-72 Sráid an Mhóta Íochtarach Baile Átha Cliath 2 D02 H638 |
| Uimhir Theileafóin: | 01 224 3900 |
| Suíomh gréasáin: | https://www.ahbregulator.ie/ |
| Ríomhphost: | info@ahbregulator.ie |
| Iniúcháirí: | An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste 3A Sráid an Mhéara Uachtarach Baile Átha Cliath 1 D01 PF72 |
| Baincéirí: | Danske Bank International House (Urlár 3) 3 Plás Mháistir an Chuain IFSC Baile Átha Cliath 1 D01 K8F1 |
| Aturnaetha: | Fieldfisher The Capel Building Mainistir Mhuire Baile Átha Cliath 7 Éire D07 N4C6 |



Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil an Rialálaí

Rialachas

Bunaíodh an tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (ÚRCTC) an 1 Feabhra 2021. Tabharfar ÚRCTC ar oibríochtaí na heagraíochta agus tabharfar an Rialálaí ar bhord ÚRCTC síos tríd na ráitis airgeadais. Cheap an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta naonúr comhaltaí den Rialálaí Tá sé de chúram ar ÚRCTC Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna) a rialáil chun tacú le rialachas níos láidre agus le hinmharthanacht airgeadais na hearnála CTC, agus béim ar leith á leagan ar chosaint na hinfheistíochta suntasaí poiblí atá á déanamh i soláthar tithíochta sóisialta ag CTCanna. Is é aidhm ÚRCTC dearbhú a thabhairt d'infheisteoirí, do thionóntaí, don rialtas agus don eanáil CTC féin go n-oibríonn soláthraithe tithíochta sóisialta i dtimpeallacht dhea-rialáilte sheasmhach. Tá feidhmeanna agus cumhachtaí an Rialálaí i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil atá leagtha amach in Acht na dTithe (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil), 2019 (an tAcht). Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an Rialálaí mar atá leagtha amach sa reachtaíocht:

- clár CTCanna a bhunú agus a choimeád,
- daoine a chlárú mar CTCanna
- dréachtchaighdeáin a ullmhú lena bhfaomhadh ag an Aire faoi alt 37 agus na caighdeáin cheadaithe a fhoilsiú,
- monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an Achta seo ag CTCanna, comhlíonadh na gcaighdeán faofa go háirithe,
- fiosrúcháin a dhéanamh faoi Chuid 5,
- faoi Chuid 6, tionóntaí agus CTCanna a chosaint agus stádas clárúcháin CTCanna a chur ar ceal,
- rialachas, riarachán agus bainistíocht níos fearr CTCanna a spreagadh agus a éascú, lena n-áirítear rialachas corparáideach agus bainistíocht airgeadais, amhail eolas agus comhairle a sholáthar, i cibé foirm agus ar cibé modh, is cuí leis an Rialálaí,
- chun feasacht agus tuiscint ar an Acht seo a chur chun cinn, cibé eolas a chur ar fáil a measann an Rialálaí go bhfuil sé oiriúnach lena tabhairt don phobal i ndáil le feidhmiú an Achta seo, i cibé foirm agus ar cibé modh, is cuí leis an Rialálaí,
- cibé eolas a bhailiú maidir le CTCanna a mheasann an Rialálaí a bheith riachtanach agus iomchuí chun críocha fheidhmiú fheidhmeanna an Rialálaí, agus
- eolas dá leithéid a fhoilsiú (agus eolas staitistiúil san áireamh) a bhaineann le CTCanna, de réir mar is iomchuí leis an Rialálaí.

Tá an Rialálaí freagrach don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus déanamh sé an tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar chúrsaí tábhachtacha gnó. Is iad an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí atá freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh rialta ÚRCTC ó lá go lá. Ní mór don Phríomhfheidhmeannach agus don fhoireann bainistíochta sinsearaí cloí leis an treoir leathan straitéiseach atá leagtha síos ag an Rialálaí agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach ball den Rialálaí ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an Príomhfheidhmeannach mar idirghabhálaí díreach idir an Rialálaí agus bainistíocht ÚRCTC.

Freagrachtaí ÚRCTC

Tá ÚRCTC freagrach as CTCanna a rialáil, chun críocha sócmhainní tithíochta arna soláthar nó arna mbainistiú ag comhlachtaí den sórt sin a chosaint. Tá ÚRCTC freagrach as clár CTCanna a chur ar bun agus a choimeád, as caighdeáin a leagan síos, as monatóireacht agus measúnú a dhéanamh maidir le comhlíonadh na gcaighdeán, as rialachas, riarachán agus bainistíocht níos fearr a spreagadh agus a éascú laistigh de CTCanna, as cur chun cinn an Achta agus feasacht air, agus as bailiú agus foilsiú eolas áirithe faoi CTCanna. Tá sé de chumhacht ag ÚRCTC freisin imscrúduithe a dhéanamh agus stádas clárúcháin CTCanna a chur ar ceal.

Ceanglaítear le hAlt 21 d'Acht na dTithe (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil), 2019 ar an Rialálaí, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choimeád, i cibé foirm a cheadódh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an PNF agus Athchóirithe.

Agus na Ráitis Airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Rialtóir na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur chun feidhme go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama,
- na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí a thiomhdiú go leanfaidh sé ar aghaidh a bheith ag feidhmiú, agus



- a lua ar cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtar agus a mhíneáir sna Ráitis Airgeadais.

Ghlac an Bord a théarmaí tagartha féin agus ábhair a fhorchoimeádtar don Bhord, ina leagtar amach conas is fearr is féidir leis a fhreagrachtaí agus a fheidhmeanna a chomhlíonadh, agus ina bhfuil na hábhair atá forchoimeáda go sonracha do chinneadh an Bhoird freisin.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta dhóthanacha a choimeád ina nochtar, le cruinneas réasúnach ag aon tráth, a staid airgeadais agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na Ráitis Airgeadais le hAlt 21 den Acht.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus as an mbuiséad bliantúil a cheadú. Rinneadh athbhreithniú ar an mbuiséad bliantúil agus faomhadh é ag cruinniú Boird i mí Feabhra 2023. Chuir an Bord tús le próiseas measúnaithe sheachtraigh ar a bhfeidhmíocht i mí na Nollag 2023. Tá an Rialtóir freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus mar sin as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Breithníonn an Rialtóir go dtugann Ráitis Airgeadais ÚRCTC léiriú fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais ÚRCTC amhail ar an 31 Nollaig 2023.

Tá an Bord freagrach freisin as dearbhú bainistíochta inniúla agus stuama an Fheidhmeannaigh maidir le cuspóirí straitéiseacha ÚRCTC a bhaint amach agus lena chinntiú go bhfuil na hacmhainní riachtanacha i bhfeidhm chun cuspóirí straitéiseacha ÚRCTC a bhaint amach.

Tá an Bord freagrach freisin as dearbhú bainistíochta inniúla agus stuama an Fheidhmeannaigh maidir le cuspóirí straitéiseacha ÚRCTC a bhaint amach agus lena chinntiú go bhfuil na hacmhainní riachtanacha i bhfeidhm chun cuspóirí straitéiseacha ÚRCTC a bhaint amach.

Tá feidhmeanna doiciméadaithe ag an Rialtóir a fhorchoimeádtar don Bhord. I gcomhréir le hAlt 12 den Acht, tá feidhmeanna áirithe tarmligthe chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Tá an príomhfheidhmeannach fós cuntasach don Rialtóir as aon fheidhm tharmligthe a fheidhmiú.

Ceanglaíonn Alt 8 den Acht ar ÚRCTC glacadh le Cód Iompair chun déileáil le coinbhleachtaí leasa agus chun muinín an phobail as ionracas a ghnó a chur chun cinn. Tá an Cód Iompair ar ghlac ÚRCTC leis ar fáil ar a [shuíomh gréasáin](#). Tá forálacha an Chóid Iompair i gcomhréir freisin le ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Struchtúr an Rialóra

Cuimsítear leis an Rialtóir an Cathaoirleach agus 8 ngnáthchomhalta, agus is é an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht a cheapann gach duine acu i ndiaidh próiseas a chuireann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí i gcrích. Cheapadh comhaltaí an Rialóra ar feadh tréimhse cúig bliana agus tá rogha ann chun síneadh a chur le téarma breise amháin.

| Comhalta Rialóra | Ról | An Dáta ar ar cheapadh |
|----------------------|------------------|------------------------|
| Eddie Lewis | Cathaoirleach | 11/02/2021 |
| Séamus Neely | Comhalta Rialóra | 11/02/2021 |
| Eileen Gleeson | Comhalta Rialóra | 11/02/2021 |
| Geraldine Hynes | Comhalta Rialóra | 11/02/2021 |
| Jillian Mahon | Comhalta Rialóra | 11/02/2021 |
| John McCarthy | Comhalta Rialóra | 11/02/2021 |
| Oonagh Breen | Comhalta Rialóra | 11/02/2021 |
| Michael Cameron (RA) | Comhalta Rialóra | 11/02/2021 |
| Orla Coyne | Comhalta Rialóra | 11/02/2021 |

Bhunaigh an Rialtóir **Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR)** ar a bhfuil cúig chomhalta (ceithre chomhalta den Rialtóir agus comhalta seachtrach amháin). Cheap an Rialtóir an comhalta seachtrach i mí na Nollag 2023. Tuairiscíonn an Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca don Rialtóir i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain. Seo a leanas comhaltaí an Choiste um Iniúcháireacht agus Riosca: Eileen Gleeson, John McCarthy, Oonagh Breen, Jillian Mahon agus Patricia



Golden. Is é ról an Choiste um Iníúcháireacht agus Riosca tacú leis an Rialtóir maidir lena fhreagrachtaí i gcúrsaí a bhaineann le riosca, rialú agus dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste um Iníúcháireacht agus Riosca neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta ó lá go lá. Reáchtáladh ceithre chruinniú den Choiste um Iníúcháireacht agus Riosca sa bhliain suas go dtí mí na Nollag 2023.

Bhunaigh an Rialtóir **Coiste Dí agus Rialála**. Is iad téarmaí tagartha an Choiste tacú go sonrach leis an Rialtóir in athbhreithniú agus i maoirseacht chreat reachtaíochta agus chur chuige rialála ÚRCTC. Is iad seo a leanas comhaltaí an choiste seo: Orla Coyne, Geraldine Hynes, Michael Cameron agus Seamus Neely. Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste in 2023.

Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costais

Leagtar sceideal tinrimh maidir le cruinnithe an Rialóra agus an Choiste don bhliain go Nollaig 2023 amach thíos lena n-áirítear na táillí agus na costais a thuill gach comhalta.

| Comhalta Rialóra | Rialtóir | An Coiste um Iníúcháir-eacht agus Riosca | An Coiste Dí & Rialála | Táillí 2023* € | Costais 2023 € |
|------------------------|----------|--|------------------------|-------------------|-------------------|
| | 11 | 4 | 4 | | |
| Eddie Lewis | 11 | - | - | 8,978 | - |
| Séamus Neely | 11 | - | 4 | 5,985 | 384 |
| Eileen Gleeson* | 9/9 | 4 | - | 5,985 | - |
| Geraldine Hynes | 10 | - | 3 | 5,985 | - |
| Jillian Mahon | 11 | 4 | - | 5,985 | - |
| John McCarthy | 11 | 4 | - | 5,985 | - |
| Oonagh Breen** | 10 | 4 | - | - | - |
| Michael Cameron (RA)** | 10 | - | 3 | - | 701 |
| Orla Coyne | 10 | - | 4 | 5,985 | - |
| Patricia Golden*** | - | - | - | - | - |
| | | | | 44,888 | 1,085 |

*D'imigh Eileen Gleeson í féin go hiomlán as dhá cheann de aon cheann déag de chruinnithe boird agus go páirteach ó chruinniú boird amháin mar gheall ar choinbheacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann.

**Bhí beirt chomhaltaí, Oonagh Breen agus Michael Cameron (RA), nach bhfuair táillí an Rialóra faoi phrionsabal (OPOS) Duine Amháin Tuarastal Amháin.

*** Ceapadh Patricia Golden, comhalta seachtrach den Choiste um Iníúcháireacht agus Riosca, i mí na Nollag 2023 agus mar sin níor fhreastail sí ar aon chruinniú in 2023.

Príomhathruithe Pearsanra

D'fhág ball amháin den fhoireann bainistíochta sinsearaí (Ceann Clárúcháin agus Measúnaithe) ÚRCTC ar 30 Meitheamh 2023. Taispeántar an Fhoireann Ard bhainistíochta amháin an 31 Nollaig 2023.

Nochtadh a Éilítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Rialtóir freagrach as a chinntiú gur chomhlíon ÚRCTC ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí um Sheachadadh agus Athchóiriú an PFN i mí Lúnasa 2016. Éilítear na nithe seo a leanas a nochtadh faoin gCód:



Sochair Ghearrthéarmacha Fostaí

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe os cionn €60,000 a rangú sna bandaí seo a leanas:

| Raon sochar iomlán na bhfostaithe Ó Go | Líon na bhFostaithe 2023 | Líon na bhFostaithe 2022 |
|---|-----------------------------|-----------------------------|
| €60,000 - €69,999 | 2 | - |
| €70,000 - €79,999 | 2 | 2 |
| €80,000 - €89,999 | 1 | 1 |
| €90,000 - €99,999 | - | - |
| €100,000 - €109,999 | - | 1 |
| €110,000 - €119,999 | 1 | - |

Tabhair do d'aire: Chun críocha an nochtá seo, áirítear le sochair fostaithe gearrthéarmacha maidir le seirbhísí a soláthraíodh le linn na bliana tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra. Íocadh liúntais ghníomhaithe ar leibhéal níos airde le beirt bhall foirne i rith na bliana arbh fhiú €732 san iomlán iad. Ní bhfuair fostaithe liúntais ragoibre ná aon íocaíochtaí eile.

Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear le costais sainchomhairleoireachta an costas a bhaineann le comhairle sheachtrach ar an lucht bainistíochta agus ní áirítear leo feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách'.

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---------------|---------------|
| Comhairle dlí | 25 | 66 |
| Pinsin | 7 | 8 |
| Táillí gairmiúla | 3 | 8 |
| Comhairle soláthair | 10 | 9 |
| Costais iomlána sainchomhairleoireachta | 45 | 91 |
| Costais chomhairleoireachta caipitlithe | - | - |
| Gearrfar na costais sainchomhairleoireachta ar Chúlchistí loncaim agus Caiteachais agus ar na Cúlchistí loncaim Choimeáda | 45 | 91 |
| Iomlán | 45 | 91 |

Costais Dlí agus Socruithe

Ní raibh aon chaiteachas sa bhliain tuairiscithe maidir le costais dlí, socraíochtaí agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear leis seo caiteachas a tabhaíodh i ndáil le comhairle dlí ghinearálta a fuair ÚRCTC a nochtar sna costais sainchomhairleoireachta thuas.



Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Rangáítear caiteachas taistil agus cothaithe mar seo a leanas:

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|-----------------|---------------|---------------|
| Bord | | |
| - Inmheánach | - | 1 |
| - Idirnáisiúnta | 1 | - |
| Foireann | | |
| - Inmheánach | 1 | 2 |
| - Idirnáisiúnta | - | - |
| Iomlán | 2 | 3 |

Caiteachais Fáilteachais

I rith 2023, níor thabhaigh ÚRCTC aon speansas fáilteachais (2022: nialas).

Ráiteas um Chomhlíonadh

Tá an Rialtóir freagrach as a chinntiú gur chomhlíon ÚRCTC ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"), mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí um Sheachadadh agus Athchóiriú an PFN i mí Lúnasa 2016. Chomhlíon ÚRCTC an Cód le linn na bliana tuairiscithe.

Eddie Lewis

Cathaoirleach

Dáta: An 24 Bealtaine 2024

Leona McMahon

Príomhfheidhmeannach Eatramhach



Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Scóip na Freagrachta

Bunaíodh an tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (ÚRCTC) de réir Acht na dTithe (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil), 2019. Déanaim féin, mar Chathaoirleach an Rialálaí an ráiteas seo de réir an cheanglais atá leagtha amach i gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) de chuid an PFN de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus admhaím go bhfuil an Rialtóir freagrach as an gcóras um Rialú Inmheánach. D'fhág an Rialtóir an fhreagracht faoin bPríomhfheidhmeannach as déileáil le saincheisteanna bainistíochta agus oibriúcháin agus as tuairisciú don Rialtóir go rialta.

Aidhm an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá an córas um rialú inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú chun go mbeidh sé ag leibhéal measartha seachas deireadh a chur leis. Ní féidir leis an gcóras, dá bhrí sin, ach ráthaíocht réasúnach seachas cinnteacht iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus go dtairfeadtar iad i gceart, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí a chosc nó go mbraitear iad ar bhonn tráthúil.

Tá córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoir arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí um Sheachadadh agus Athchóiriú Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) bunaithe ag an Rialtóir don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023.

Timpeallacht um Rialú Airgeadais

Úsáideann ÚRCTC soláthraí seachtrach chun gach seirbhís chuntasaíochta agus párolla a sholáthar lena n-áirítear gach tuairisceán ábhartha. Déantar gach próiseas agus freagracht a dhoiciméadú ina lámhleabhar um Beartais agus Nósanna Imeachta Airgeadais lena n-áirítear faomhadh gach idirbheart ioncaim agus caiteachais a bhaineann le ÚRCTC, a d'athbhreithnigh agus a d'fhaomh foireann ardbhainistíochta ÚRCTC. Rinneadh iniúchadh inmheánach ar phróisis rialaithe inmheánaigh ÚRCTC i mí na Samhna 2023 agus bhí toradh sásúil air.

Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Cheap ÚRCTC soláthraí seachtrach trí sholáthar poiblí chun a sheirbhísí tacaíochta TFC go léir a sholáthar do ÚRCTC lena n-áirítear meicníochtaí slándála chun leordhóthanacht TFC, cibearshlándaíl, réitigh teicneolaíochta faisnéise agus tacaíochtaí a chinntiú chun feidhmeanna ÚRCTC a chumasú. Tá gach beartas agus nós imeachta ÚRCTC a bhaineann le TFC doiciméadaithe agus déanann foireann ardbhainistíochta ÚRCTC monatóireacht orthu. Rinneadh iniúchadh inmheánach ar bhainistíocht TFC ÚRCTC i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus bhí toradh sásúil air.

Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Tá córas um Rialú Inmheánach ÚRCTC bunaithe ar chreat maidir le faisnéis bhainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus córas tarmiligin agus cuntasachta. Áirítear leis, go háirithe:

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a ndéanann an fhoireann bainistíochta sinsearaí athbhreithniú rialta air.
- Athbhreithnithe rialta ón bhfoireann bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla.
- Córas bainistíochta riosca atá oiriúnach don fheidhm.
- Rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail cuí.
- Fócas cuí ar dhea-chleachtas i soláthar agus nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirínte ábhartha go léir a chinntiú.
- Coiste Iniúcháireachta agus Riosca den Rialtóir (An Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca) le téarmaí tagartha soiléire. Sceideal rialta maidir le cruinnithe de chuid an Choiste um Iniúcháireacht agus Riosca inar cuireadh tuairiscí nuashonraithe rialta ar chaiteachas ar fáil do chomhaltaí. Ardaítear aon cheisteanna leis an Rialtóir.
- Freagrachtaí bainistíochta sannta go soiléir, agus cuntasacht chomhfheagrach doiciméadaithe sa Lámhleabhar um Beartais agus Nósanna Imeachta Airgeadais.
- Iniúchadh inmheánach bliantúil ar rialuithe agus nósanna imeachta inmheánacha

Acmhainneacht chun Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca (ARC) ag ÚRCTC ar a bhfuil ceathrar comhaltaí den Rialtóir agus comhalta seachtrach amháin a ceapadh i mí na Nollag 2023. Tháinig An Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca le chéile ceithre huairé sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023.

Cheap ÚRCTC feidhm iniúchta inmheánaigh trí phróiseas soláthair in 2022. Cheadaigh an Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca cairt iniúchta agus straitéis iniúchta inmheánaigh (2022 -2026) i mí Dheireadh Fómhair 2022. Rinneadh ceithre iniúchadh



inmheánacha in 2023 a chlúdaigh imeachtaí Infhógartha; an próiseas bainistíochta riosca; bainistíocht TFC; agus córais rialaithe inmheánaigh.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá Beartas Bainistíochta Riosca forbartha ag ÚRCTC a leagann amach a mhian riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus a shonraíonn ról agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Chuir ÚRCTC córas bainistíochta riosca i bhfeidhm a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, sa mhéid agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú. Tá clár rioscaí i bhfeidhm a shaináithníonn na príomhrioscaí atá roimh ÚRCTC agus rinneadh iad seo a shaináithint, a mheasúnú agus a chur in ord tosaíochta. Déanann an Coiste um Iníúcháireacht agus Riosca an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Bíonn riosca ina mhír sheasta ar an gclár oibre ag cruinnithe an Rialtóra freisin. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí agus freagracht as feidhmiú na rialuithe a shanntar do bhaill foirne ar leith a mhaolú.

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ann ina bhfuil na tosca seo a leanas i bhfeidhm:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a ndéanann an fhoireann bainistíochta shinsearaí athbhreithniú rialta air.
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú, agus
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe inmheánaigh. Cuirtear easnaimh rialaithe, nuair a bhraitear iad, in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí, nuair is cuí, ar bhealach tráthúil.

Deimhním gur aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus go bhfuil próisis curtha chun feidhme chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus déantar tuairisciú ar aon easnaimh a aithníodh.

Soláthar

D'fhorbair ÚRCTC nósanna imeachta chun cloí leis na rialacha agus na treoirlínte reatha soláthair mar atá leagtha amach ag an Oifig um Soláthar Rialtais.

Fadhbanna maidir le Rialú Inmheánach

Níor saináithníodh aon laigí sna rialuithe inmheánacha i ndáil le 2023 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Tá nósanna imeachta bunaithe ag ÚRCTC i dtaobh bainistíocht riosca agus rialuithe inmheánacha.

Deimhnímid go ndearna ÚRCTC athbhreithniú ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2023. Tá ÚRCTC muiníneach ar bhonn réasúnach go bhfuil an córas um Rialú Inmheánach a forbraíodh agus a cuireadh chun feidhme don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2023 éifeachtach.

Le linn na bliana ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023, tá an méid seo a leanas mar bhonn eolais ag faireachán an Rialtóra ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh: -

- a. obair na n-iníúcháirí seachtracha;
- b. obair an iniúchta inmheánaigh;
- c. obair an Choiste um Iníúcháireacht agus Riosca; agus
- d. an fhoireann bainistíochta sinsearaí atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothú.

Eddie Lewis

Cathaoirleach

Dáta: An 24 Bealtaine 2024

Leona McMahon

Príomhfeidhmeannach Eatramhach



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais Údaráis Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Údaráis Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 de réir mar is gá faoi fhorálacha roinn 21 d'Acht na dTithe (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil), 2019. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ioncain agus caiteachais agus cúlchistí ioncain coimeádta
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgeadais, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasáíochta.

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais léiriú fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Údaráis Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe amhail an 31 Nollaig 2023 agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain 2023 de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta um an tUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar an Údarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eitiúla eile de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur iomchuí fianaise an iniúchta a fuair mé chun bunús a thabhairt le mo thuairim.

Tuarascáil maidir leis na bhfaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus maidir le cúrsaí eile

Chuir an tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe faisnéis áirithe eile i láthair le chéile leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear inti an tuarascáil bhliantúil, ráiteas um rialachas agus tuarascáil an Rialtóra, agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos déanta san aguisín leis an tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí i ndáil leis an bhfaisnéis sin, agus ar chúrsaí áirithe eile ar a dtugaim tuairisc trí eisceacht.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis sin.

Colette Drinan

Ar son agus thar cheann an
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
An 30 Bealtaine 2024



Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Rialtóra

Leagtar amach i ráiteas rialachais agus tuarascáil an rialtóra freagrachtaí an Rialtóra maidir le

- ráitis airgeadais bliantúla a ullmhú san fhoirm atá leagtha amach faoi roinn 21 d'Acht na dTithe (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil), 2019.
- a chinntiú go dtugtar léargas fíor agus cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheasúnú an bhfuil úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le cuntasáiocht cuí nó nach bhfuil, agus
- an rialú inmheánach a chur i bhfeidhm a dhearbhaíonn siad go bhfuil gá leis chun ullmhú na ráiteas airgeadais a éascú a bheidh saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi roinn 21 d'Acht na dTithe (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil), 2019, iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Údarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe agus tuarascáil a thabhairt ina leith do Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil faoi cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-íomláine saor ó mhíshonrú ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Leibhéal ard dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní chinntítear leis go mbraithfeair míshonrú ábhartha nuair atá siad ann le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta. D'fhéadfadh míshonruithe teacht ó chalaos nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha i gcás go mbeifí ag súil leo le réasún, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéanadh siad ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh,

- déanaim na rioscaí um míshonrú ábhartha sna ráitis airgeadais cibé acu de bharr calaoise nó earráide a shainiú agus a mheasúnú; ceapaim agus déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise an iniúchta ar leor agus ar iomchuí í chun bunús a chur le mo thuairim. Bíonn an riosca mura mbraitear míshonrú ábhartha a bhíonn mar thoradh ar chalaos níos airde ná ceann a bhíonn mar thoradh ar earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionn, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá iomchuí sna cúinsí, ach ní chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanann meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáiochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasáiochta agus an nocht lena mbaineann.

- Cinnim ar chuibhiúlacht úsáide bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le cuntasáiocht agus, bunaithe ar fhianaise iniúchóireachta a fuarthas, cé acu a bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras a chaitheamh ar chumas an Údarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, tá sé ceangailte orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, murar leor an nochtadh sin, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fhaightear suas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh go gcuirfidh an tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe stop le leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach mar thoradh ar imeachtaí nó cúinsí amach anseo, áfach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé an léirítear nó nach léirítear na hidirbhearta agus na himeachtaí bunaidh sna ráitis airgeadais ar mhodh um chur i láthair cothrom.

Cuirim iad siúd a bhfuil freagracht orthu as rialachas ar an bhfaisnéis maidir le, i measc cúrsaí eile, raon feidhme agus tráthúlacht bheartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith sa rialú inmheánach a sainiú le linn m'iniúchta.

Déanann tuairisc trí eisceacht ar an méid seo a leanas, má cheapaim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaím uaim d'iniúchadh, nó
- mura raibh na taifid chuntasáiochta dóthanach le hiniúchadh a dhéanamh go héasca agus go cuí ar na ráitis airgeadais, nó
- nach raibh na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasáiochta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhaítear i mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim foirm ar bith de chonclúid dearbhaithe in iúl fúthu.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta faisnéis eile atá ann a léamh agus, ag déanamh amhlaidh, a mheas cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an bhfaisnéis a fuarthas le linn an iniúchta, nó má bhíonn sé míshonraithe go hábhartha ar bhealach ar bith eile. Má chinnim, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil míshonrú ábhartha san fhaisnéis eile sin, ceanglaítear orm é sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar chúrsaí eile

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na mbreithnithe speisialta atá ceangailte ar na comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainisíocht agus oibriú. Tuairiscím má thagaim ar chúrsaí ábhartha ar bith ann i dtaca leis an dóigh inar stiúradh an gnó poiblí.

Féachaim le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má thagaim ar chás ábhartha ar bith ann nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh sé beartaithe nó i gcás nár chloigh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.



Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2023

| | Nótaí | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|--|-------|---------------|---------------|
| Ioncam | | | |
| Deontais an Oireachtais | 2 | 2,190 | 2,189 |
| Ús Faighte | | 10 | - |
| Maoiniú sochair scoir iarchurtha | 14 | 172 | 258 |
| Ioncam Iomlán | | 2,372 | 2,447 |
| Caiteachas | | | |
| Costais na mBall Foirne | 3 | 1,394 | 1,299 |
| Seirbhísí Comhroinnte | 4 | - | 89 |
| Imscrúduithe | 5 | 28 | - |
| Táillí agus Costais Rialachais | 6 | 46 | 48 |
| Teicneolaíocht Faisnéise | 7 | 123 | 117 |
| Táillí Gairmiúla | 8 | 291 | 172 |
| Cumarsáid | 9 | 37 | 16 |
| Costais oifige agus eile | 10 | 443 | 195 |
| Costais Sochair Scoir | 14 | 172 | 258 |
| Caiteachas Iomlán | | 2,534 | 2,194 |
| (Easnamh) / Barrachas don bhliain roimh leithreasáí | | (162) | 253 |
| Aistriú ón/(chuig an) gCuntas Caipitil | - | 2 | |
| (Easnamh) / Barrachas don bhliain tar éis leithreasáí | | (162) | 255 |
| Iarmhéid tugtha ar aghaidh amháil ar an 1 Eanáir | | 318 | 63 |
| Iarmhéid tugtha ar aghaidh amháil ar an 31 Nollaig | | 156 | 318 |

Baineann gach ioncam agus caiteachas don bhliain le gníomhaíochtaí leantacha ar an dáta tuairiscithe. Cuimsítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta Ioncaim gach gnóthachan agus caillteanas a aithníodh sa bhliain.

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 21 mar chuid de na Ráitís Airgeadais seo.

Eddie Lewis

Cathaoirleach

Dáta: An 24 Bealtaine 2024

Leona McMahon

Príomhfheidhmeannach Eatramhach



Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2023

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|--|---------------|---------------|
| (EASNAMH)/BARRAIS DON BHLIAIN AIRGEADAIS | (162) | 255 |
| (Caillteanais)/gnóthachain ó thaití ar oibleagáidí sochair scoir | 4 | (57) |
| Athruithe ar thiomhdí atá mar bhonn le luach reatha na n-oibleagáidí sochair scoir | (52) | 195 |
| Gnóthachain / (caillteanais) iomlána achtúireacha in aghaidh na bliana | (48) | 138 |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha | 48 | (138) |
| Ioncam Cuimsitheach Iomlán don bhliain | (162) | 255 |

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 21 mar chuid de na Ráitís Airgeadais seo.

Eddie Lewis

Cathaoirleach

Dáta: An 24 Bealtaine 2024

Leona McMahon

Príomhfheidhmeannach Eatramhach



Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais

AMHAIL AR AN 31 NOLLAIG 2023

| | Nótaí | 31 Nollaig 2023 €'000 | 31 Nollaig 2022 €'000 |
|--|-------|-----------------------------|-----------------------------|
| Sócmhainní Reatha | | | |
| Infháltais | 11 | 96 | 104 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 12 | 384 | 371 |
| | | 480 | 475 |
| | | | |
| Dliteanais reatha (Suimeanna ag titim atá dlite laistigh de bhliain amháin) | | | |
| Suimeanna infiochta | 13 | 324 | 157 |
| | | | |
| Glansócmhainní Reatha | | 156 | 318 |
| Sócmhainní Iomlána Iúide Dliteanais Reatha | | 156 | 318 |
| | | | |
| Sochair Scoir | | | |
| Oibleagáidí sochair scoir | 14 | (442) | (222) |
| Sócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha | 14 | 442 | 222 |
| | | - | - |
| | | | |
| Glansócmhainní | | 156 | 318 |
| | | | |
| Ag léiriú | | | |
| Cúlchistí Coimeádta Ioncaim | | 156 | 318 |
| Cuntas Caipitil | 15 | - | - |
| | | 156 | 318 |

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 21 mar chuid de na Ráitís Airgeadais seo.

Eddie Lewis

Cathaoirleach

Dáta: An 24 Bealtaine 2024

Leona McMahon

Príomhfheidhmeannach Eatramhach



Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2023

| | Nótaí | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|-------|---------------|---------------|
| Glan-sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin | | | |
| (Easnamh)/Barachas don bhliain | | (162) | 253 |
| Laghdú/(Méadú) ar Infháiltais | 11 | 8 | (95) |
| Méadú ar Iníochta | 13 | 167 | 3 |
| Glan-sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin | | 13 | 161 |
| Sreafaí Airgid ó ghníomhaíochtaí Infheistíochta | | | |
| Aistríthe (chuig an)/ón gcuntas caipitil | | - | 2 |
| Íocaíochtaí chun maoin, gléasra agus trealamh a cheannach | | | - |
| Glan-Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta | | - | 2 |
| | | | |
| Méadú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid | | 13 | 163 |
| | | | |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag tús na bliana | | 371 | 208 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana | | 384 | 371 |



Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2023

1. Beartais Cuntasaíochta

Tá bunús na cuntasaíochta agus na mbeartas suntasach cuntasaíochta ar ghlac ÚRCTC leo leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad i rith na bliana.

a) Eolas Ginearálta

Bunaíodh an tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (ÚRCTC) an 1 Feabhra 2021. Is é an ról atá ag an ÚRCTC ná maoirseacht a dhéanamh ar rialachas éifeachtach, ar bhainistíocht airgeadais agus ar fheidhmíocht na gComhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna) go léir. Tá a phríomhoifig ag an 4ú hUrlár, Teach Grattan, 67-72 Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2. Tá ÚRCTC ina Eintiteas Tairbhe Phoiblí

b) Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh Ráitis Airgeadais ÚRCTC don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 de réir na reachtaíochta is infheidhme, agus le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC) i. an Ríocht Aontaithe.

c) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus comhlíonann siad caighdeáin tuairiscithe airgeadais na Comhairle um Thuairisciú Airgeadais, ach amháin mar a léirítear i nDeontais an Oireachtais thíos. Tá na Ráitis Airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht le comhthoilíú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóirithe an PFN. Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais in Euro arb é airgeadra feidhmiúil ÚRCTC é.

Tá na Ráitis Airgeadais ullmhaithe don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023. Is iad na figiúirí comparáideacha don bhliain go dtí an 31 Nollaig 2022.

d) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Chriticiúla

Éilíonn ullmhú na ráiteas airgeadais ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a mbíonn tionchar acu ar na suimeanna a thuairiscítear do shócmhainní agus dlíteanais ar dháta an ráitis ar an staid airgeadais agus ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh ioncam costas i rith na bliana. Mar sin féin, ciallaíonn cineál an mheastacháin go bhféadfadh na torthaí iarbhrí a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Bhí an tionchar ba shuntasáil ag na breithiúnais seo a leanas ar shuimeanna a aithníodh sna ráitis airgeadais.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Déanann na Stiúrthóirí athbhreithniú ar shaolréanna sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara na n-aicmí sócmhainní seasta go léir chun a dhearbhu go bhfuil saolré na sócmhainne, agus na luachanna iarmharacha oiriúnach.

Oibleagáidí Sochair Scoir

Déantar na toimhdí atá mar bhonn leis na luachálacha achtúireacha dá gcinntear na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí ardaithe ar leibhéal chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus rátaí treochta costas cúram sláinte) ar bhonn bliantúil bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha, agus ar aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iar-scoir.

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas tionchar a imirt ar na toimhdí:

- (i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta; agus
- (ii) leibhéal chúitimh sa todhchaí agus dálaí mhargadh an tsaothair amach anseo

e) Deontais an Oireachtais

Léiríonn ioncam a aithnítear sna Ráitis Airgeadais faoi Dheontais maoiniú a cuireadh ar fáil do ÚRCTC trí Vóta na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.



f) Ioncam úis

Léiríonn ioncam a aithnítear sna Ráitis Airgeadais faoi ioncam úis suim a fuair ÚRCTC sa tréimhse.

g) Maoin, Gléasra agus Trealamh

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ag a gcostas stairiúil lúide dímheas carntha. Gearrtar an dímheas ar an Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Choimeáda de réir méid cothrom, ag na rátaí atá leagtha amach thíos, chun na sócmhainní a dhíscríobh, arna gcoigeartú do luach iarmharach, thar a shaolréanna úsáideacha ionchais mar seo a leanas: -

| | |
|-----------------------------------|-------|
| Trealamh, Feistithe agus Trealamh | 12.5% |
| Trealamh TF | 25% |

Déantar luach iarmharach agus saolréanna úsáideacha sócmhainní seasta a mheas go bliantúil le haghaidh táscairí a bhféadfadh athrú a dhéanamh orthu. I gcás ina bhfuil táscairí den sórt sin ann, déanfar athbhreithniú ar an luach iarmharach, ar an modh dímheasa agus ar shaolréanna úsáideacha, agus leasófar iad sin más gá. Tugtar cuntas ionchasach ar athruithe ar rátaí dímheasa a eascraíonn as an athbhreithniú seo thar shaolréanna úsáideacha na sócmhainní.

Ghlac ÚRCTC le Ciorclán 21/2020: Méadú ar an Tairseach Luacha chun Sócmhainní a Chuimsiú sa Chlár Sócmhainní agus tá tairseach caipitilte dar luach €10,000 curtha chun feidhme sa bhliain reatha agus go cúlghabhálach.

h) Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil luach neamh-amúchta an mhaoinithe a cuireadh chun feidhme d'fhonn sócmhainní seasta a cheannach.

i) Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid

Léiríonn taisce le hinstiúid airgeadais airgead tirim.

j) Airgeadra Coigríche

Aistrítear idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go euro agus déantar iad a thairfeadh ag an ráta malairte atá i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go euro ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe nó ag rátaí conartha réamhcheannaigh nuair is ann do na conarthaí sin.

k) Sochair Fostaithe

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san fhigiúr Iníochta sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Sochair Scoir

Feidhmíonn ÚRCTC Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair (Scéim Aonair). Tá gach ball foirne ina gcomhalta den Scéim Aonair de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Déanann an Scéim Aonair foráil ar phinsin sochair atá sainithe de réir innéacs-nasctha praghsanna do thomhaltóirí bunaithe ar mheánphá gairme. Déanann ÚRCTC na hasbhaintí riachtanacha ó thuarastail na mball foirne atá mar chuid den scéim agus aistrítear ranníocaíochtaí fostaithe chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóirithe PFN ar bhonn míosúil de réir fhorálacha na Scéime.

l) Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Choimeáda thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas de réir méid cothrom thar thréimhse an léasa. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear thar shaolré an léasa. Bhog ÚRCTC isteach in áitreabh nua i mí Eanáir 2023 agus é lonnaithe go sealadach in oifigí na Gníomhaireachta Tithíochta ó bunaíodh í i mí Feabhra 2021. Tá suim €137K do léas an fhoirgnimh sna fabhráithe sna ráitis airgeadais, rud a léiríonn an meánchostas léasa bliantúil thar shaolré an léasa tar éis an tréimhse saor ó chíos a idirbheartaíodh a chur san áireamh. Réadaíodh tréimhse an léasa saor ó chíos in 2023.



2. Deontais an Oireachtais

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|--|---------------|---------------|
| An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta – Vóta 34 – Fotheideal A.26 | 2,190 | 2,189 |
| | 2,190 | 2,189 |

3. Costais na mBall Foirne

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|--|---------------|---------------|
| Pá agus Tuarastail | 1,204 | 1,057 |
| ÁSPC Fostóirí | 130 | 115 |
| Oibríthe ar iasacht | 58 | 115 |
| Conraitheoirí | - | 9 |
| Taisteal agus Cothú – Foireann (neamhphárolla) | 1 | 2 |
| Costais Foirne Eile (neamhphárolla) | 1 | 1 |
| Pá agus Tuarastail lomlána | 1,394 | 1,299 |

Asbhaineadh Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais (ASC) agus Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPS) de réir riachtanais reachtúla. D'asbhain ÚRCTC €14,857 (2022: €12,163) de ASC in 2023 agus choinnigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta é. D'asbhain ÚRCTC €57,905 (2022: €51,144) de SPSPS in 2023 agus choinnigh an Roinn Caiteachais Phoiblí é, Seachadadh agus Athchóiriú an PFN.

a) Líon na bhFostaithe

Ba é líon na mball foirne, lena n-áirítear iasachtaí agus gan foireann gníomhaireachta a áireamh, ag deireadh na bliana (coibhéisí lánaimseartha) ná 27 (2022: 20).

b) Costais na Foirne agus Eolas Fostaithe

Nochtar miondealú ar shochair fostaithe faoi "Shochair Ghearrthéarmacha d'Fhostaithe" sa Ráiteas Rialachais agus i dTuarascáil Chomhaltáí an Rialóra.

c) Sochair Foirceanta

Níor íocadh aon sochair scoir i rith na bliana.

d) Luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

Seo a leanas luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh, ar ar ceapadh an 1 Feabhra 2021:

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|----------------------|---------------|---------------|
| Príomhfheidhmeannach | 112 | 110 |
| | 112 | 110 |

Ní bhfuair an Príomhfheidhmeannach aon íocaíochtaí feidhmíochta nó aon sochar comhchineáil eile i rith na bliana. Ní théann teidlíochtaí pinsin na bPríomhfheidhmeannach thar na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim eiseamláireach aoisliúntais sochair atá sainithe de réir na hearnála poiblí.



4. Seirbhísí Comhroinnte

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---------------|---------------|
| Saoráidí | - | 53 |
| Teicneolaíocht Faisnéise lena n-áirítear trealamh | - | 22 |
| Acmhainní Daonna | - | 9 |
| Airgeadas agus párolla | - | 2 |
| Riarachán | - | 3 |
| Costais Iomlána na Seirbhísí Comhroinnte | - | 89 |

Chuir an Ghníomhaireacht Tithíochta roinnt seirbhísí ar fáil do ÚRCTC, laistigh dá bonneagair riaracháin le linn 2021 agus 2022. Díriodh na seirbhísí seo ar bhonn céimnithe le linn 2022. Tugadh breac-chuntas ar na seirbhísí a cuireadh ar fáil i gcomhaontú leibhéal seirbhíse idir an dá pháirtí a chuimsigh: Bainistíocht Airgeadais, Teicneolaíocht Faisnéise, Cíos agus Saoráidí, Acmhainní Daonna agus Tacaíocht Riaracháin Ghinearálta.

5. Imscrúduithe

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|-------------------------------------|---------------|---------------|
| Imscrúdú | 28 | - |
| Costais Imscrúdaithe Iomlána | 28 | - |

Tá imscrúdú á dhéanamh ag ÚRCTC faoi láthair ar CTC faoi Alt 45 den Acht. Is é seo an chéad imscrúdú reachtúil a rinne ÚRCTC ó bunaíodh é.

6. Táillí agus Costais Rialachais

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---------------|---------------|
| Táillí Comhalta an Rialtóra | 45 | 45 |
| Costais Chruinnithe an Rialtóra | - | 2 |
| Costais Taistil Chomhalta an Rialtóra | 1 | 1 |
| Táillí agus Costais Rialachais Iomlána | 46 | 48 |

a) Costais Rialtóra de réir Comhalta

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|----------------------|---------------|---------------|
| Eddie Lewis | 9 | 9 |
| Séamus Neely | 6 | 6 |
| Eileen Gleeson | 6 | 6 |
| Geraldine Hynes | 6 | 6 |
| Jillian Mahon | 6 | 6 |
| John McCarthy | 6 | 6 |
| Oonagh Breen | - | - |
| Michael Cameron (RA) | - | - |
| Orla Coyne | 6 | 6 |
| | 45 | 45 |



7. Teicneolaíocht Faisnéise

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|--------------------------------------|---------------|---------------|
| Bogearraí TF | 49 | 46 |
| Cothabháil & Forbairt Suímh Gréasáin | 4 | 4 |
| Forbairt TF Eile* | - | 34 |
| Seirbhísí TF ** | 15 | 3 |
| Leathan Bhanda agus Gutháin ** | 17 | 7 |
| Trealamh TF *** | 33 | 23 |
| Slándáil TF ** | 5 | - |
| | 123 | 117 |

* Rinneadh forbairt ar chóras CRM nua in 2022 gan aon fhorbairt den sórt sin in 2023.

** Soláthraíodh Seirbhísí TF, Leathanbhanda agus Slándáil TF faoin SLA leis an nGníomhaireacht Tithíochta in 2022. Léiríonn an táille in 2023 bliain iomlán seirbhísí.

*** Tá an táille in 2023 mar gheall ar ríomhairí glúine a athsholáthar.

8. Táillí Gairmiúla

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|------------------------------------|---------------|---------------|
| Seirbhísí Cuntasaíochta Airgeadais | 44 | 27 |
| Iníúchadh | 15 | 14 |
| Iníúcháireacht Inmheánach | 27 | 11 |
| Gnóthaí Dlí | 25 | 66 |
| Pinsean | 11 | 8 |
| Acmhainní Daonna Seachfhoinsithe | 43 | 17 |
| Sainchomhairleoirí | 13 | 29 |
| Earcaíocht | 106 | - |
| Data Protection | 7 | - |
| | 291 | 172 |

Lean ÚRCTC lena fhás mar eagraíocht in 2023 agus bhí seirbhísí earcaíochta de dhíth ar feadh na bliana.



9. Cumarsáid

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|-----------------------------------|---------------|---------------|
| Dearadh agus priontáil | 9 | 9 |
| Costais Cruinnithe | - | 3 |
| Cláir Oideachais agus Treorach | 10 | 4 |
| Tuairisciú Earnála agus Bliantúil | 15 | - |
| Monatóireacht ar na Meáin | 3 | - |
| | 37 | 16 |

Ba é an chéad Tuarascáil Earnála, an chéad Tuarascáil Bhliantúil agus priontáil agus foilsiú maidir le hábhar cumarsáide agus treorach a foilsíodh an muirear níos airde in 2023 a spreag an táille níos airde.

10. Costais Oifige agus Costais Eile

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|--|---------------|---------------|
| Ballraíocht/síntiúis | 9 | 9 |
| Muirir Seirbhíse agus Cíosa* | 313 | 28 |
| Oifig lena n-áirítear postas agus stáiseanóireacht | 14 | 5 |
| Oiliúint | 49 | 18 |
| Trealamh Oifige** | 15 | 68 |
| Sláinte agus Sábháilteacht | 7 | - |
| Cothabháil Oifige** | 32 | 63 |
| Nithe eile lena n-áirítear ús bainc & táillí, seirbhísí aistriúcháin | 5 | 4 |
| | 444 | 195 |

* Bhog ÚRCTC isteach in áitreabh nua i mí Eanáir 2023 agus é lonnaithe go sealadach in oifigí na Gníomhaireachta Tithíochta ó bunaíodh í i mí Feabhra 2021. Léiríonn an muirear in 2023 costas léasa bliana iomláin ar an meán thar théarma an léasa lena n-áirítear fabhrú €137K mar gheall ar an tréimhse saor ó chúis in 2023.

** In 2022, áiríodh leis an trealamh oifige agus cothabháil oifige troscán, trealamh ceaintín, cáblaí, péinteáil agus mionobreacha ar chostais aonuaire iad a bhain le hathlonnú ÚRCTC chuig a oifig nua.

11. Infháltais

| | 31 Nollaig 2023 €'000 | 31 Nollaig 2022 €'000 |
|------------------|-----------------------------|-----------------------------|
| Réamhíocaíochtaí | 96 | 104 |
| | 96 | 104 |

Tá gach infháltas dlite laistigh de bhliain amháin.

12. Airgead Tirim agus Coibhéis Airgid Thirim

| | 31 Nollaig 2023 €'000 | 31 Nollaig 2022 €'000 |
|---------------------------|-----------------------------|-----------------------------|
| Airgead tirim ag an mbanc | 384 | 371 |
| | 384 | 371 |



13. Suimeanna iníochta

| | 31 Nollaig 2023 €'000 | 31 Nollaig 2022 €'000 |
|--|-----------------------------|-----------------------------|
| Suimeanna ag titim atá dlite laistigh de bhliain amháin: | | |
| Creidiúnaithe a bhaineann le pá | 35 | 44 |
| Fabhruithe | 278 | 99 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | - | 4 |
| CBL | 5 | 2 |
| Cárta Creidmheasa | 1 | 1 |
| Creidiúnaithe Trádála | 5 | 7 |
| | 324 | 157 |

Tá an méadú in 2023 á thiomáint ag an bhfabhrú cíosa a theastaíonn faoi FRS102 agus fabhrú rátaí.

14. Costais Sochair Scoir

i. Soláthar Foirne ÚRCTC

Tá gach comhalta foirne atá fostaithe ag ÚRCTC ina gcomhaltaí den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Aistrítear asbhaintí ó thuarastail na foirne chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Aithchóirithe an PFN ar bhonn míosúil de réir an Achta.

ii. Anailís ar na costais sochair scoir go léir a gearradh ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---------------|---------------|
| Costas seirbhíse reatha | 106 | 206 |
| Ús ar dhliteanais scéime sochair scoir | 8 | 1 |
| Ranníocaíochtaí rannpháirtithe | 58 | 51 |
| Na costais a ghearrtar ar an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim choimeádta | 172 | 258 |



iii. Gluaiseacht i nglan-oibleagáidí sochair scoir le linn na bliana airgeadais

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---------------|---------------|
| Glan-oibleagáidí sochair scoir ag tús na bliana | 222 | 102 |
| Costais seirbhíse reatha | 106 | 206 |
| Ranníocaíochtaí Fostaithe | 58 | 51 |
| Costais úis | 8 | 1 |
| Sochair íoctha sa bhliain | - | - |
| Seirbhís san am atá thart (gnóthachan) / caillteanas | - | - |
| Caillteanas / (gnóthachan) ó thaithe ar dhliteanas | (4) | 57 |
| Athruithe ar thiomhdí achtúireacha | 52 | (195) |
| Glan-oibleagáidí sochair scoir amhail ar an 31 Nollaig | 442 | 222 |

iv. Sócmhainn maoinithe iarchurtha do shochair scoir

Aithníonn ÚRRTC suimeanna atá dlite ón Stát don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh sochair scoir ar bhonn na sraithe toimhdí a gcuirtear síos orthu thuas agus roinnt teagmhas san am atá thart. Áirítear leis na teagmhais seo an bonn reachtúil do bhunú na scéime sochair scoir, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag ÚRRTC nach leanfar ar aghaidh leis an mbeartas maoinithe seo chun díol as suimeanna den sórt sin de réir an chleachtais reatha.

Seo a leanas an glanmaoiniú iarchurtha maidir le sochair scoir a aithnítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choimeáda:

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---------------|---------------|
| Maoiniú in-aisghabhála maidir le costais sochair scoir na bliana reatha | 172 | 258 |
| | 172 | 258 |

B'ionann na dliteanas maoinithe iarchurtha le haghaidh sochair scoir amhail ar an 31 Nollaig 2023 agus €442,000 (2022: €222,000).

v. Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|--|---------------|---------------|
| Oibleagáidí sochair shainithe | 442 | 222 |
| Caillteanas/(gnóthachain) ó thaithe ar dhliteanas scéime sochair shainithe | (4) | 57 |

vi. Cur síos ar an scéim

Scéim Aonair

Is í an Scéim Aonair an scéim pinsean ceirde do sheirbhísigh phoiblí a fostaíodh ó 2013 i leith. Is scéim shochair shainithe í, le sochair scoir bunaithe ar mheánphá gairme. Gineann an scéim creidmheasanna pinsin agus creidmheasanna cnapshuime scoir do gach ball den scéim. Fabhraíonn na creidmheasanna airgid seo, ar a dtugtar "suimeanna inchurtha", mar chéatadáin pá ar bhonn leanúnach. Déantar na suimeanna inchurtha fabhraithe gach bliain a athluacháil go bliantúil go dtí am scoir de réir méaduithe boilsctiú (Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí). Is é an pinsean bliantúil a dhámhtar ar scor ná iomlán carnach suimeanna inchurtha pinsin an chomhalta scéime, agus is é an chnapshuim scoir a dhámhtar, ar an mbealach céanna, iomlán suimeanna inchurtha cnapshuime an chomhalta scéime.

Luacháil

Tá an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtuithe FRS 102 bunaithe ar luacháil iomlán achtúireach a rinne achtúire neamhspleách cáilithe inar cuireadh riachtanais an FRS san áireamh chun dliteanas na scéime amhail ar an 31 Nollaig 2023 a mheas.



Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha a úsáideadh chun comhpháirteanna an chostais sochair shainithe agus na n-oibleagáidí don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 a ríomh:

| | 2023 | 2022 |
|----------------------|-------|-------|
| Ráta lascaine | 3.10% | 3.60% |
| Ráta boillscithe | 2.30% | 2.40% |
| Méaduithe tuarastail | 3.30% | 3.40% |
| Méaduithe pinsin | 2.30% | 2.40% |

Ceadaíonn an bonn mortlaíochta a nglactar leis feabhsuithe ar ionchas saoil le himeacht ama, ionas go mbeidh ionchas saoil ag am scoir ag brath ar an mbliain a mbaineann comhalta aois scoir (65 bliain d'aois) amach. Tá líon na gcomhaltaí sa Scéim agus líon na mbásanna róbheag chun aon mheastacháin a bhaineann go sonrach leis an Scéim a anailísiú agus a sholáthar ar leibhéal mhortlaíochta sa todhchaí. Is iad seo a leanas an meán-ionchas saoil sa todhchaí de réir na dtáblaí mortlaíochta a úsáideadh chun na dliteanais phinsin a chinneadh:

| | 2023 bliana | 2022 bliana |
|-----------------------|-------------|-------------|
| Fear 65 bliain d'aois | 22.1 | 21.9 |
| Bean 65 bliain d'aois | 24.4 | 24.3 |

15. Cuntas Caipitil

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---------------|---------------|
| Ag Tús na bliana | - | 2 |
| Aistriú ón / (chuig an) an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta | | |
| Coigeartú | - | (2) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | - | - |

Baineann coigeartuithe na bliana roimhe seo le míreanna aonair a bhfuil luach faoi €10,000 orthu a bhaint den chlár sócmhainní de réir Imlirir 21/2020: Méadú ar an Tairseach Luacha chun Sócmhainní a Chuimsiú sa Chlár Sócmhainní.

16. Ceangaltais Léasa

Níl talamh agus foirgnimh faoi úinéireacht ÚRCTC. Tá gealltanais ag ÚRCTC maidir le léas ar chóiríocht oifige ar an gCeathrú hUrlár, Teach Grattan, Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath. Coinnítear an léas seo ar feadh thréimhse 10 mbliana ar cuireadh tús leis in 2022. Tá clásal scoir seacht mbliana ann agus tá athbheithniú cíosa ann i ndiaidh cúig bliana.

Leagann ÚRCTC amach sa tábla thíos a cheangaltais mheasta maidir le híocaíochtaí bliantúla thar thréimhse an léasa:

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---------------|---------------|
| Iníochta laistigh de bhliain amháin | 309 | 149 |
| Iníochta laistigh de dhá bhliain go cúig bliana | 1,237 | 1,237 |
| Iníochta os cionn cúig bliana | 1,211 | 1,520 |
| | 2,757 | 2,906 |



17. Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon cheangaltas caipitil ann amhail ar an 31 Nollaig 2023

18. Idirbhearta/ Nochtadh Leasanna Páirtithe Gaolmhara

Comhlíonann ÚRCTC an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóirithe PFN maidir le nochtadh leasanna ag an Rialtóir agus ag baill/foireann ÚRCTC. Tá nósanna imeachta foirmiúla ann lena chinntiú go gcloítear le ceangaltais an Chóid. Níor tuairiscíodh aon idirbhearta páirtí gaolmhar in 2023 (2022: Nialas).

Bhí Príomhbhainistíocht in ÚRCTC comhdhéanta den Rialtóir, an Príomhfheidhmeannach, an Ceann Clárúcháin agus Measúnaithe, an Ceann Maoirseachta Rialála, an Ceannasaí Dlí agus an Ceann Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha. D'fhág an Ceannaire Clárúcháin agus Measúnaithe i mí an Mheithimh 2023. Ba é an luach saothair iomlán a íocadh le príomhbhainistíocht in 2023 ná €396,826 (2022: 384,072).

19. Teagmhais i ndiaidh Dháta an Chláir Chomhardaithe

D'éirigh Susanna Lyons as a ról mar Phríomhfheidhmeannach ar 25 Aibreán 2024. Ceapadh Leona McMahon, Ceannasaí Dlí agus Comhlíonta, ina POF Eatramhach. Tá próiseas iomaíoch ar bun chun POF buan a cheapadh.

20. Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála

Tá freagracht iomlán ar an Rialtóir as comhlíonadh na heagraíochta leis an Acht um Íoc Pras Cuntas 1997, a tháinig i bhfeidhm an 2 Eanáir 1998, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2012, a tháinig i bhfeidhm an 16 Márta 2013. Tá an fhreagracht seo tarmlichte ag an Rialtóir don bhainistíocht.

Cuimsíonn an córas rialaithe inmheánaigh a leithéid de rialuithe agus nósanna imeachta a mheastar a bheith riachtanach chun comhlíonadh an Achta a chinntiú. Áirítear le córas rialaithe inmheánaigh ÚRCTC rialuithe cuntasáíochta agus ríomhaireachta atá deartha chun a chinntiú go sainiúitear sonraisc agus conarthaí le haghaidh íocaíochta laistigh de na dátaí íocaíochta forordaithe mar atá sainmhínithe san Acht. Tá na rialuithe seo deartha chun cinnteacht réasúnta, cé nach dearbhú iomlán é, a sholáthar i gcoinne neamhchomhlíonadh an Achta. Tá an Rialtóir sásta gur chomhlíon sé forálacha an Achta i ngach gné ábhartha. Íocadh ús íocaíochta €0 sa bhliain. (2023: €0)

21. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an rialtóir na Ráiteas Airgeadais agus shínigh Cathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach an Rialóra iad ar an 24 Bealtaine 2024.

